

Seirbhís Phríosúin na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil 2008



RÁITEAS MISIN

Is é is misean do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann daoine a chuirtear go príosún a choimeád slán sábháilte ar bhonn daonnachtúil. Tá an tseirbhís tiomanta do bhainistiú pianbhreitheanna coimeáda ar bhealach a spreagann na príosúnaigh ina n-iarrachtaí saol a bheith acu a mbeadh cuspóir leis go mbeidís géilliúil don dlí agus ina mbail fhiúntacha den tsochaí, agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

CLÁR

Tuarascálacha an Chathaoirligh	2
Tuarascálacha an Ard-Stiúrthóra	4
Achoimre – sracfhéachaint ar staidreamh 2008	7
Caibidil 1 – An Eagraíocht	9
Caibidil 2 – Coimeád na bPríosúnach	13
Caibidil 3 – Coimeád Sábháilte agus Slán	25
Caibidil 4 - Cúram agus Athshlánú na bPríosúnach	29
Caibidil 5 – Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh	35
Caibidil 6 – Eastát na bPríosún	41
Caibidil 7 – Airgeadas	44
Caibidil 8 – Bainistiú Acmhainní Daonna	50



Tuarascáil an Chathaoirligh

Tháinig Bord Eatramhach Údarás na bPríosún le chéile sé huaire le linn 2008. Lean an Bord de dhíriú cuid mhaith den am ar chlár riachtanacha agus athruithe bonneagair a bhí ar bun cheana a chur chun cinn agus tosaíocht a thabhairt d'aidhmeanna a chinnteodh go seachadódh Seirbhís Phríosúin na hÉireann coimeád agus cúram den chaighdeán is airde de réir an chleachtais is fearr agus slánbhainistíochta airgeadais.

Thar ceann bhaill uile an Bhoird ba mhaith liom ómós a thabhairt do Ms Anne Counihane, a d'fhág an Bord le linn na bliana, as a tiomantas agus ardseirbhís do Bhord Eatramhach Údarás na bPríosún ó bunaíodh é. Ceapadh Ms Margaret Richardson ar an mbord agus tá mé ag tnúth le hoibriú le Margaret.

Tionscnaimh Chaipitil

Bhí méadú comhsheasamhach ar iomlán dhaonra na bpríosúnach le linn 2008, nuair a chonaiceamar méadaithe drámatúla i líon na bpríosúnach faoi phianbhreith agus orthu siúd ar athchur agus claonadh i dtreo pianbhreitheanna níos faide. Léiríonn roghabhlúire de dhaonra na bpríosún ar 5 Nollaig 2008 go raibh méadú beagnach 11% ar líon na ndaoine faoi choimeád ar líon 2007. Tá sé riachtanach go leanfar den chlár reatha caipitil má tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann le bheith in ann déileáil le riachtanais chóiríochta. Le tamall beag anuas cuireadh níos mó ná 30 spás breise ar fáil ag an ionad oscailte ag Teach na gCanónach agus tá 40 spás breise thairis sin curtha ar fáil ag an ionad oscailte ag Teach an Locháin.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le tionscnaimh eile sa Chaisleán Riabhach, i gCruithneachtán agus i bPort Laoise le linn 2008 le 400 áiteanna breise a sholáthar agus beidh siad siúd ar fáil le linn 2009..

Baile na Sceach

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann de chur chun cinn an chlár tógála caipitil atá ardaidhmeach agus fairsing, le bheith réidh le cóiríocht atá as dáta agus doghlactha agus feabhsuithe suntasacha a sholáthar in earnálacha na hoiliúna oibre, oideachais agus seirbhísí liachta.

Is ann i gcónaí don ghá cóiríocht nua phríosúin a sholáthar le cur in áit na cóiríochta príosúin faoi bhun caighdeáin atá faoi láthair ag Príosún Mhuinseo agus bainistiú a dhéanamh ar dhaonra príosúin atá ag dul i méid. Is í tógáil áiseanna nua príosúin ar láthair úrnua ag Halla Bhaile na Sceach an chaoi is fearr le deiseanna a chur ar fáil le gníomhaíochtaí réimis struchtúrtha a chur chun cinn a thacódh le hathshlánú agus athlonnú príosúnach ar bhealach nach bhfuil indéanta faoi láthair i gcoimpléacs Mhuinseo. Cuireann an coincheap deartha do Halla Bhaile na Sceach áis nua-aimseartha, éifeachtach ó thaobh feidhme agus costais de ar fáil ina mbeidh tosca cónaithe cuí do phríosúnaigh chomh maith le clár thacaíochta ar a mbeidh soláthar áiseanna nua-aimseartha do fhoireann an phríosúin. Leanfaidh an Bord de dhíriú ar an bhfadhb bhunúsach seo.

Baineadh amach garsprioc suntasach sa tionscnamh i rith na bliana nuair a foilsíodh Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus nuair a dheonaigh an tOireachtas toilíocht fhorbartha san Acht um Fhorbairt na bPríosún (Deimhniú Réiteach), 2008.

Ceannáras Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, An Longfort

Ba bhunchuspóir é ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann dílárú a ceannárais oifige ó Chluain Dolcáin go dtí An Longfort. Chuir sé áthas ar an mBord cé chomh maith agus a d'éirigh leis an aistriú seo. Cé go raibh athrúchán foirne de 80% ann mar gheall ar an aistriú, níor cuireadh isteach tríd is tríd ar an bhfreastal ar na páirtithe leasmhara. Gaisce a bhí ann ar mhór an chreidiúint é don Bhainisteoireacht agus don bhFoireann, idir shean agus nua, a d'oibrigh le chéile le go n-éireodh leis an aistriú..

Ar 7 Márta 2008 d'oscail Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na linne, Brian Ó Luineacháin TD, an foirgneamh nua ceannárais in éineacht le Nollaig Ó hEachthigheirn TD a bhí ina Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais le freagracht ar leith le haghaidh Oifig na nOibreacha Poiblí.

An Cigire Príosún

Tar éis gur cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é, chuaigh an Breitheamh Michael Reilly i mbun oibre mar Chigire Príosún ar 1 Eanáir 2008. Ba mhaith leis an mBord gach rath a ghuí ar an mBreitheamh Reilly ina oifig nua sna blianta atá le teacht.

Príosúnaigh agus Tinneas Meabhrach orthu

Sna blianta atá thart nocht an Bord imní maidir leis an mhoill a bhí ann teacht ar chóireáil do phríosúnaigh san Ospidéal Lárnach Mearbhaill.

I mí na Nollag tar éis díospóireachtaí leis an Ospidéal Lárnach Mearbhaill, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte soláthar ar 10 cinn de leapacha breise ag an Ospidéal Lárnach Mearbhaill. Ba mhór an chabhair é sin do bhainisteoireacht agus foireann na bpríosún le tabhairt faoin liosta feithimh de phríosúnaigh a raibh bheith istigh uathu. Cuireann an tOspidéal Lárnach Mearbhaill 21 seisiún insroichte teoraithe ag comhairleoirí liachta in oirthear na tíre gach seachtain. Fáiltíonn an Bord roimh na feabhsuithe seo i soláthar seirbhísí sláinte mheabhrach do phríosúnaigh agus leanfaidh sé dá aird a thabhairt don chúram seo.

Brian McCarthy
Cathaoirleach
Bord Eatramhach Údarás na bPríosún

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Do: An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Diarmaid Ó hEachthairn TD

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a chur ar aghaidh chugat.

Bhí sábháilteacht agus slándáil na bpríosún, bainistiú líon na bpríosúnach agus soláthar cóiríochta cuí agus seirbhísí do phríosúnaigh ina dtosaíochtaí leanúnacha le linn 2008. Maidir leis sin, díriodh go háirithe i rith na bliana ar fheabhsú beart slándála inár bpríosúin agus ar an gclár tógála príosún.

Líon na bPríosúnach

Bhí iomlán de 13,557 cimithe go príosún i 2008. B'in méadú suntasach ar an iomlán de 11,934 i 2007 agus b'ionann é sin agus méadú 13.6% . Bhí iomlán de 10,928 duine i gceist sna cimithe sin. Bhí beagnach trian de na daoine a cimithe i 2008 ina neamhshaoránaigh Éireannacha, rud a bhí ar aon dul le 2007.

Ar an iomlán bhí 8,043 cimithe faoi phianbhreith le linn na bliana, méadú de bheagnach 25% ar líon 2007. Bhí méadú an-mhór i 2008 ar líon na ndaoine a cimithe de bharr loiceadh ar fhíneáil cúirtordaithe a íoc. Bhí méadú 88.7% ar líon daoine sa chatagóir seo ó 2007.

Bhí méadú arís i 2008 ar an líon príosúnach a bhí ag cur isteach pianbhreitheanna de 10 mbliain nó níos faide. Tháinig méadú 38.3% ar an gcatagóir seo i 2008 agus leanann sé sin méadú 114% ar an gcatagóir seo i 2007. Bhain an méadú go príomha le cionta drugaí a léirigh méadú ó 22 ciontóirí sa chatagóir faid pianbhreithe seo i 2007 go 36 i 2008.

Ba é 3,544 an meánlíon laethúil de phríosúnaigh faoi choimeád i 2008 - méadú de 223 ar 3,321, an líon i 2007. Ba é 124 meánlíon na gciontóirí bainneannacha faoi choimeád, méadú de 13 ar an líon i 2007. Bhí an chuid is mó de na príosúin i 2008 lán go doras nó geall a bheith.

An Costas ar Sholáthar Spásanna Príosúin

Rinneadh athbhreithniú le linn na bliana ar an modheolaíocht a d'úsáidtf leis an gcostas ciontóir a choinneáil faoi choimeád agus tá sé athraithe ó mar a bhíodh sna blianta roimhe seo. Tá tairbhe níos mó sa mhodheolaíocht nua i mbainistiú airgeadais na Seirbhíse ná an ceann roimhe seo ó éascaíonn sí tomhas straitéiseach agus comparáid na gcostas ar fud eastát na bpríosún.

Ba é €92,717 an meánchostas le spás príosúin a chur ar fáil i 2008 de réir na modheolaíochta leasaithe seo. B'in méadú de €7,355 nó 8.6% ar chostas 2007 agus baineann sé sin go príomha le harduithe sa Chomhaontú Náisiúnta Pá.

Bearta Feabhsaithe Slándála

Is é ceann de na mórdhúshláin a bhíonn i bpríosúin ar fud an domhain cosc a chur ar theacht isteach míreanna contrabhanna, go háirithe gutháin phóca agus drugaí, a mbreathnaítear orthu, ar chúiseanna follasacha, mar thrádearraí an-luachmhaire a d'fhéadfadh cur le gníomhaíocht mhídhleathach. I Meitheamh 2007 d'fhaomhaigh an Rialtas na hacmhainní riachtanacha le pacáiste de bhearta slándála a thabhairt isteach, bearta a dhíríonn ar na bealaí iompair trína ndéantar gáinneáil ar chontrabhanna ar nós drugaí, gléasanna troda agus guthán póca isteach inár bpríosúin. Tosaíodh ar sheoladh na ngnéithe éagsúla i mBealtaine 2008 le bunú an Ghrúpa Tacaíochta Feidhme, ina bhfuil an tAonad Tacaíochta Feidhme, an tAonad Scagtha Slándála agus an tAonad Madraí agus cheana féin tá siad seo tar éis a chruthú go han-mhaith.

Tá scagadh i bhfeidhm go hiomlán anois do gach ball foirne agus cuairteoir a thagann isteach inár bpríosúin iata. (seachas an tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair) agus tá brathadóirí siúl-tríd ar dhul an aerfoirt suite i ngach príosún iata agus bíonn iallach ar gach cuairteoir agus ball foirne dul tríd an bhrathadóir sula gceadaítear dó/di dul isteach sa phríosún. De bhreis air sin, tá scanóirí x-gha curtha ar fáil i ngach príosún iata agus bíonn málaí láimhe, málaí cáipéisí, pacáistí, cótaí, etc. faoi réir scagtha.

Tá Aonad Madraí Braite Drugaí (ina bhfuil 31 ball foirne) bunaithe ar bhonn náisiúnta. Chuir an chéad 16 dá chuid foirne clabhsúr ar a n-oiliúint le Seirbhís Phríosúin Thuaisceart Éireann i 2008 agus tá siad i mbun oibre inár bpríosúin. Meastar go mbeidh an tAonad ar lánlfon i 2009.

Críochnaíodh insealbhú scéime píolótaí teicneolaíochta le cosc a chur le húsáid guthán póca sna príosúin i bPríosún an Lár Tíre i Samhain 2008. Léiríonn measúnú ar an gcóras coisc torthaí maithe agus tá sé i gceist an córas a leathnú go príosúin iata eile ar bhonn céimnithe ach na hacmhainní a bheith ann.

Clár Tógála Príosún

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2008 maidir le feidhmiú an chlár tógála príosún a chuirfidh áitribh nua in áit thart fá 40% de eastát na bpríosún de réir na ngealltanas sa Chlár don Rialtas. Is é an tionscnamh is ardaidhmí sa chlár seo, ar ndóigh, príosún nua ag Halla Bhaile na Sceach i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh a chur in áit na gceithre phríosún ar Champas Mhuinseo..

Le linn na bliana, tugadh isteach níos mó ná 30 spás breise san ionad oscailte ag Teach na gCanónach agus 40 spás breise arís ag Teach an Locháin.

Leanadh den obair ar mhórtionscnaimh ag Príosún Phort Laoise, Chruithneachtáin agus an Chaisleáin Riabhaigh agus cuirfidh na tionscnaimh seo 400 spásanna príosúin breise ar fáil le linn 2009.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Ard-Rúnaí na Roinne agus a fhoireann uile, go háirithe i Rannán Pholasaí na bPríosún agus Promhaidh, as a gcúnamh agus a dtacaíocht.

Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Baill Bhord Eatramhach Údarás na bPríosún as a dtiomantas agus gairmiúlacht leanúnach.

Brian Purcell
Ard-Stiúrthóir

Achoimre – sracfhéachaint ar staidreamh 2008

Bhí 13,557 cimithe go príosún i 2008 ar méadú é de 13.6% ar an iomlán de 11,934 i 2007.

**Cuireadh 10,928 daoine go príosún i 2008 i gcomparáid le 9,711 i 2007.
Bhain 88.8% de na cimithe le fireannaigh agus 11.2% le baineannaigh.**

Cimithe le linn 2008

- Bhí méadú de 25% beagnach i líon na ndaoine a cimidh go príosún faoi phianbhreith i 2008 (8,043) le hais 2007 (6,455).
- Bhí méadú de 38.3% ar líon na bpríosúnach a cimidh agus a bhí ag cur isteach pianbhreitheanna de 10 mbliain nó níos faide, ó 47 ciontóirí i 2007 go 65 i 2008. Tá sé sin sa mhullach ar mhéadú 114% sa chatagóir seo i 2007, i.e., ó 22 i 2006 go 47 i 2007. Bhain an méadú i 2008 go príomha le cionta drugaí a léirigh méadú ó 22 ciontóirí i 2007 go 36 i 2008.
- Tháinig méadú de 1,233 ar chimithe faoi phianbhreitheanna níos lú ná 3 mhí, is é sin 54% thar an líon i 2007 (2,293 go 3,526).
- Bhí méadú 44% ar líon na gcimithe go príosún i 2008 de bharr cionta tráchta bóthair thar an líon i 2007, i.e., ó 1,564 i 2007 go 2,254 i 2008. Bhí 61% de na pianbhreitheanna sa chatagóir seo níos lú ná 3 mhí.
- Bhí méadú suntasach ar an líon daoine a cimidh de bharr loiceadh ar íoc fineála cúirtordaithe le linn 2008. Tháinig méadú de 88.7% sa chatagóir seo ar an líon i 2007 - ó 1,335 i 2007 go 2,520 i 2008.

I 2008 bhí 1,034 cimithe maidir le cúrsaí inimirce agus bhí 961 coinneálaithe i gceist. Is ionann é sin agus laghdú de 16% ar an 1,145 daoine a bhí faoi choinneáil i 2007.

- Bhí níos lú ná 8 lá i gceist le 759 nó 73% de na cimithe sin.
- Ba é 17 an meánlíon laethúil de dhaoine sa chatagóir seo a bhí faoi choimeád.

Roghbhlúire de dhaonra na bpríosún ar 5 Nollaig 2008

- Léirigh an roghbhlúire go raibh méadú de 11% beagnach i líon na ndaoine faoi choimeád (3,695) thar an líon i 2007 (3,334).
- Bhí 72% beagnach de na príosúnaigh faoi choimeád ar 5 Nollaig 2008 ag cur isteach pianbhreitheanna de 2 bhliain nó níos faide.
- Bhí iomlán de 275 daoine ag cur isteach pianbhreitheanna de bharr cionta gnéis, méadú de 16% ar an líon de 237 i 2007.

- Bhí líon na ndaoine ag cur isteach pianbhreitheanna as cionta drugaí (567) 20% níos airde ná mar a bhí i 2007 (472).
- Bhí 50 ciontóirí ag cur isteach pianbhreitheanna de níos lú de ná 3 mhí arbh ionann é agus 1.3% de dhaonra na bpríosún.
- Bhí 32 daoine i bpríosún as loiceadh ar íocaíocht fiach nó fíneálacha, líon arbh ionann agus 0.86% de dhaonra na bpríosún.

Ba é €92,717 an meánchostas ar spás príosúin a chur ar fáil i 2008. B'ín méadú de €7,355 nó 8.6% ar an gcostas i 2007 agus bhí sé sin ann go príomha mar gheall ar mhéaduithe sa Chomhaontú Náisiúnta Pá.

Caibidil 1

Ráiteas Misin

Is é is misean do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann daoine a chuirtear go príosún a choimeád slán sábháilte ar bhonn daonnachtúil. Tá an tseirbhís tiomanta do bhainistiú pianbhreitheanna coimeádtá ar bhealach a spreagann na príosúnaigh ina n-iarrachtaí saol a bheith acu a mbeadh cuspóir leis go mbeidís géilliúil don dlí agus ina mbaill fhiúntacha den tsochaí, agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

An Eagraíocht

Tá an fhreagracht pholaitiúil don chóras príosún in Éirinn dílsithe san Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht fheidhmeannachta taobh istigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá Ard-Stiúrthóir i gceannas agus tacaíocht aige ó 7 Stiúrthóirí. Cuireann Bord eatramhach neamhfheidhmiúcháin Údarás na bPríosún comhairle agus treoir ar fáil maidir le bainistiú an chórais príosún.

Bíonn Seirbhís Phríosúin na hÉirann ag plé le ciontóirí fireannacha atá in aois a 16 nó níos sine agus ciontóirí baineanacha atá in aois a 17 nó níos sine.

Riaraítear Seirbhís Phríosúin na hÉireann go lárnach agus tá a ceannáras suite i mbaile an Longfoirt.

Buiséad agus Soláthar Foirne

Ba é €406m an buiséad bliantúil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2008.

Ag deireadh 2008 bhí foireann de 3640 i Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag cur san áireamh gráid shibhialta agus foireann ceannárais.

Creat Reachtúil

Feidhmíonn an tSeirbhís Príosún taobh istigh de chreat reachtúil ar a bhfuil:

- na hAchtanna Príosún, an ceann is déanaí, Acht na bPríosún 2007 san áireamh,
- forálacha ábhartha i reachtanna eile, ar nós Acht na bPríosún (Coistí Cuairtíochta), 1925, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Éagsúla), 1997, an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, achtanna eile um cheartas coiriúil agus na hAchtanna um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 agus 1997 agus
- Rialacha um Rialú na bPríosún, 2007.

Maidir le daoine a choimeádtar ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce is iad na príomhfhorálacha reachtúla na hAchtanna Inimirce 1999, 2003 agus 2004, na rialacháin a ghabhann leo, an tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus Acht na nDídeanaithe 1996.

Tugann an tSeirbhís Príosún aird chuí freisin ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus na hEorpa um Chearta an Duine, Rialacha Caighdeánacha Íosta na Náisiún Aontaithe faoi Chóireáil Príosúnach, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pianóis eile atá

Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, Coinbhinsiún na Náisiun Aontaithe um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chosc ar Chéastóireacht agus ar Íde nó Pianóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach.

Bunluachanna

Maidir leis an tSeirbhís Príosún:

- Aithníonn sí a dualgas freastal ar an bpobal le meas iomlán ar dhínit dhaonna agus cearta an uile dhuine, bíodh sé/sí faoi choimeád nó sa phobal mór
- Aithníonn sí go bhfuil dualgas uirthi cuidiú le gach ciontóir maireachtáil mar dhuine atá géilliúil don dlí agus gur féidir leis an tSeirbhís cur lena gcumas é sin a bhaint amach
- Creideann sí go mba cheart a chur ar fáil don uile dhuine faoi choimeád tosca agus seirbhísí a bheas cuí dá leas agus dá bhforás pearsanta
- Tá sí tiomanta do mhaolú a dhéanamh ar thorthaí díobháileacha na príosúnachta
- Déanann sí iarracht cuidiú le príosúnaigh, sa mhéid agus is féidir agus is cuí, caidreamh a choinneáil lena muintir
- Tá meas aici ar na hacmhainní atá ar fáil di, go háirithe an fhoireann ar fad atá ag obair sa chóras príosúin arb iad an sochar is tábhachtaí i gcomhlíonadh mhisean na Seirbhíse
- Tá sí tiomanta do bheith cúirtéiseach agus cothrom ina beartaíocht uile
- Glacann sí leis go bhfuil sí freagrach as a gníomhartha agus déanann sí iarracht an fhreagracht sin a léiriú go poiblí.

Príosúin na hÉireann

Tá 14 institiúid i gcóras príosúin na hÉireann ina bhfuil 11 insitiúid "iata" traidisiúnta, dhá ionad oscailte, a fheidhmíonn le slándáil íosta inmheánach agus imlíneach, agus saoráid "leathoscailte" amháin le slándáil imlíneach traidisiúnta ach slándáil inmheánach íosta (an tAonad Oiliúna).

Tá tromlach na bpríosúnach baineann faoi choimeád san Ionad Dóchais agus an chuid eile acu i bPríosún Luimnigh.

Príosún Muinseo

An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 8062800
Faics: 01 8062824

Gobharnóir: Mr John Lonergan

Acmhainn Feidhmiúcháin: 540

Príosún iata, meánslándála é Príosún Mhuinseo d'fhireannaigh ina aois a 17 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe do chathair agus contae Bhaile Átha Cliath é agus is é an institiúid pianóis is mó sa Stát.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 588 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2008.

An tIonad Dóchais

An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 8858987
Faics: 01 8858910

Gobharnóir: Ms Kathleen McMahon

Acmhainn Feidhmiúcháin: 85

Príosún iata, meánslándála é an tIonad Dóchais do bhaineannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príomhphríosún cimithe é do bhaineannaigh ar athchur nó faoi phianbhreith ó gach cúirt taobh amuigh de cheantar na Mumhan.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 104 an meánlíon laethúil faoi choimeád i 2008.

Foras Naomh Pádraig

An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 8062896
Faics: 01 8307705

Gobharnóir: Mr Sean Quigley

Acmhainn Feidhmiúcháin: 216

Ionad coinneála iata, meánslándála é Foras Naomh Pádraig d'fhireannaigh 16 go 21 bliana d'aois agus tugann sé cóiríocht do phríosúnaigh athchurtha agus faoi phianbhreith araon.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 207 an meánlíon laethúil i 2008.

Príosún Luimnigh

Sráid Mulgrave, Luimneach
Teil: 061 204700
Faics: 061 415116

Gobharnóir: Mr Tadhg O'Riordan

Acmhainn Feidhmiúcháin: 275 (fireannaigh) agus 20 (baineannaigh)

Príosún iata meánslándála é Príosún Luimnigh d'fhireannaigh agus baineannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príosún cimithe d'fhireannaigh ó na contaetha, An Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann agus do bhaineannaigh ón sé chontae sa Mhumhain.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 284 fireannach agus 20 baineannach meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2008.

Príosún Chnoc Seimre

Bóthar Chnoc Seimre
Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Teil: 01 6304530 Faics: 01 6304580

Gobharnóir: Mr Tom Somers

Acmhainn Feidhmiúcháin: 431

Príosún iata, meánslándála é Príosún Chnoc Seimre d'fhireannaigh in aois a 17 agus níos sine agus is iad a bhíonn ann go príomha príosúnaigh ar athchur atá cimithe ó cheantar Laighean.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 441 an meánlíon laethúil de dhaoine i gcoimeád i 2008.

Príosún Chorcaí

Bóthar an Ráth Mhór, Cathair Chorcaí
Teil: 021 4518800
Faics: 021 4518860

Gobharnóir: Mr James Collins

Acmhainn Feidhmiúcháin: 272

Príosún iata, meánslándála é Príosún Chorcaí d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do na contaetha, Corcaigh, Ciarraíl agus Port Láirge.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 276 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2008.

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Cluain Salach, An Caisleán Riabhach
Co Ros Comáin
Teil: 094 96 25213 Faics: 094 96 26226

Gobharnóir: Mr Daniel J. Scannell

Acmhainn Feidhmiúcháin: 228

Príosún iata, meánslándála é príosún an Chaisleáin Riabhaigh d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do phríosúnaigh chimithe agus faoi phianbhreith i gConnachta agus glacann sé freisin le cimithe ó na contaetha, An Cabhán, Dún na nGall agus An Longfort.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 232 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2008.

Príosún an Chruithneachtáin

Bóthar Chnoc Seimre
Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Teil: 01 6209400 Faics: 01 6209430

Gobharnóir: Mr Sean Lennon

Acmhainn Feidhmiúcháin: 390

Príosún iata, meánslándála é Príosún an Chruithneachtáin d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe do na contaetha, Lú, An Mhí, Muineachán, Loch Garman agus Cill Mhantáin.

Daonra na bPríosúnach: Ba é an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2008 (méadaíodh acmhainn Phríosún an Chruithneachtáin ó 370 go 390 le linn na bliana).

Príosún Phort Laoise

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise, Co Laoise

Teil: 057 86 21318 Faics: 057 86 20997

Gobharnóir: Mr Edward Whelan

Acmhainn Feidhmiúcháin: 210

Príosún iata, ardsrándála é Príosún Phort Laoise d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é doibh siúd a chuireann an Chúirt Choiriúil Speisialta faoi choimeád agus ar na príosúnaigh a choinnítear anseo tá daoine a bhí nasctha le coir-iúlacht threascrach.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 107 an meánlíon laethúil de dhaoine a bhí faoi choimeád i 2008.

An tAonad Oiliúna

Paráid Ghleann Garbh

An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7

Teil: 01 8062890 Faics: 01 8307460

Gobharnóir: Mr Declan Murphy

Acmhainn Feidhmiúcháin: 107

Príosún leathoscailte, íos-srándála é An tAonad Oiliúna d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine, le béim mhór ar obair agus oiliúint.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 97 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2008 (méadaíodh acmhainn an Aonaid Oiliúna ó 96 go 107 le linn na bliana).

Teach an Locháin

Ionad Oscailte Theach an Locháin

An Blaic, Co an Chabháin

Teil: 071 9853059 Faics: 071 9853234

Gobharnóir: Mr Martin Reilly

Acmhainn Feidhmiúcháin: 130

Príosún oscailte, íos-srándála é Teach an Locháin d'fhireannaigh in aois a 18 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéil níos ísle slándála dóibh.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 114 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád (méadaíodh acmhainn Theach an Locháin ó 102 go 130 le linn na bliana).

Príosún Chnoc an Arbhair

Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7

Teil: 01 6719333

Faics: 01 6799518

Gobharnóir: Mr Liam Dowling

Acmhainn Feidhmiúcháin: 148

Príosún iata, meánsrándála é d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Ar an iomlán is príosúnaigh faoi phianbhreitheanna fada iad.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 146 an meánlíon laethúil de dhaoine faoi choimeád i 2008 (méadaíodh acmhainn Phríosún Chnoc an Arbhair ó 138 go 148 le linn na bliana).

Príosún an Láir Tíre

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise, Co Laoise

Teil: 057 86 72110 Faics: 057 86 72219

Gobharnóir: Mr Edward Whelan

Acmhainn Feidhmiúcháin: 469

Is príosún iata, meánsrándála é Príosún an Láir Tíre d'fhireannaigh in aois a 17 nó níos sine. Is é an príosún cimithe é do na contaetha, Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 463 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2008.

Teach na gCanónach

An tInbhear Mór

Co Chill Mhantáin

Teil: 0402 32140 Faics: 0402 39924

Gobharnóir: Mr Hector MacLennan

Acmhainn Feidhmiúcháin: 90

Príosún oscailte, íos-srándála é Teach na gCanónach d'fhireannaigh in aois a 19 nó níos sine a meastar go n-oireann leibhéil níos ísle slándála dóibh.

Daonra na bPríosúnach: Ba é 77 meánlíon laethúil na ndaoine faoi choimeád i 2008 (méadaíodh acmhainn Theach na gCanónach ó 60 go 90 le linn na bliana).

Caibidil 2

Coimeád na bPríosúnach

Daonra na bPríosún ar lá amháin

Is dócha gurb é próifíl na bpríosún ar aon lá ar leith an slat tomhais is fearr ar phróifíl na bpríosúnach atá sa chóras.

Ar 5 Nollaig 2008, bhí iomlán de 3,695 i ndaonra na bpríosún, ar a raibh:

- Faoi phianbhreith 2,944
- Ar Athchur/Ag Fanacht ar Thriail/Eile 730
- Inimirce 21

Is ionann an líon daoine faoi choimeád (3,695) agus méadú beagnach 11% ar a chomhionann de líon i 2007 (3,334).

San iomlán seo bhí 251 ciontóirí faoi phianbhreitheanna do dhúnmharú agus 72 do dhúnorgain. Bhí 567 ciontóirí i gceist maidir le cionta drugaí (15%) agus 183 maidir le cionta tráchta bóthair (5%).

Bhí 264 príosúnach faoi phianóis saoil agus 241 eile faoi phianbhreithanna cinnte de dheich mbliain nó níos faide, agus orthu siúd bhí 9% agus 8.2% den daonra iomlán faoi seach.

Maidir le príosúnaigh atá ag fulaingt pianbhreithanna níos gaire, bhí 50 ciontóirí faoi phianbhreitheanna de níos lú ná 3 mhí arbh ionann iad agus 1.3% de dhaonra na bpríosún. Bhí 32 duine i bpríosún de bharr neamhíocaíocht fiach nó fineálacha, arbh ionann iad agus 0.86% de dhaonra na bpríosún.

Maidir le náisiúntacht de, ba Éireannaigh iad 89.8% de líon iomlán na ndaoine faoi choimeád ar 5 Nollaig 2008.

Tábla 2.1 : Próifíl Phianbhreithe na bPríosúnach faoi choimeád ar 5 Nollaig 2008

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
<3 Mhí	2	48	50
3 to <6 Mhí	2	122	124
6 to <12 Mhí	8	275	283
1 to <2 Bhliain	12	365	377
2 to <3 Bliana	6	323	329
3 to <5 Bliana	13	579	592
5 to <10 mBliain	12	672	684
10+ Blianta	3	238	241
Pianós Saoil	6	258	264
Iomlán	64	2,880	2,944

Tábla 2.2 : Próifíl Chionta na bPríosúinch faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2008

	Bain.	Fir.	Iomlán	%
Iomlán Grúpa 1 :				
Cionta in aghaidh an Duine	19	1,012	1,031	35
DÚNMHARÚ	6	245	251	
DÚNORGAIN	5	67	72	
CIONTA GNÉIS	0	275	275	
CIONTA EILE IN AGHAIDH AN DUINE	8	425	433	
Ionsaí	0	113	113	
Ionsaí is trúig dhíobhála	4	150	154	
Ionsaí ar Gharda	0	6	6	
Ionsaí is trúig dhíobhála coirp	0	20	20	
<i>Cionta eile sa chatagóir seo</i>	4	136	140	
Iomlán Grúpa 2 :				
Cionta in aghaidh Sealúis le foréigean	0	96	96	3.3
Iomlán Grúpa 3 :				
Cionta in aghaidh Sealúis gan fhoréigean	19	730	749	25.4
Goid	6	149	155	
Damáiste Coiriúil	3	94	97	
Buirgléireacht - Iomlán	2	123	125	
Robáil	4	216	220	
Láimhseáil Sealúis Ghoidte	0	26	26	
Dul isteach ar fhoirgneamh agus é ar intinn cion a dhéanamh	0	10	10	
<i>Cionta eile sa chatagóir seo</i>	4	112	116	
Iomlán Grúpa 4 :				
Cionta Eile	26	1,042	1,068	36.3
Cionta Drugaí	17	550	567	
Cionta Tráchta Bóthair	1	183	184	
Gan árachas (Úinéir/Úsáideoir)	0	36	36	
Tiomáint Mheisciúil (Anáil/Fuil/Mún/Gan Shampla)	0	11	11	
Tiomáint Chontúirteach (ag cuimsiú Bás/Dochar Coirp)	1	54	55	
Gabháil mótarfheithicle gan údarás	0	48	48	
Gan diosca a thaispeáint (Árachas/Cáin Bhóthair/TNG/Páirceáil)	0	1	1	
Gan cheadúnas tiomána (Úinéir/Tiománaí)	0	5	5	
Carraeireacht gan údarás i/ar mhótarfheithicil	0	12	12	
<i>Cionta eile sa chatagóir seo</i>	0	15	15	
Cionta Eile	8	309	317	
Cionta Arm Tine	0	110	110	
Iompraíocht Bhagrach/Dhíblithe	1	32	33	
Cionta Fiachóra (ag cuimsiú loiceadh ar chothabháil a foc)	2	18	20	
Ar meisce go poiblí	0	4	4	
Loiceadh ar ghéilleadh do Gharda Síochána (Toirmeasc/Comhrac in aghaidh gabhála)	1	15	16	
Seilbh ar sceana agus earraí eile	1	39	40	
Loiceadh ar theacht i láthair (Bundáta a ceapadh/Dáta athchuir eile)	2	26	28	
Sárú ar Ordú Urchoisc (Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta)	0	14	14	
Loiceadh ar Thuairisceáin Cháin Ioncaim a dhéanamh	0	3	3	
<i>Cionta eile sa chatagóir seo</i>	1	49	50	
Iomlán	64	2,880	2,944	100

Tábla 2.3: Daoine i gCoimeád faoi Phianbhreith ar 5 Nollaig 2008 - Cionta rangaithe de réir fad pianóis

	<3 Mhí	3 to <6 Mhí	6 to <12 Mhí	1 to <2 BI	2 to <3 BI	3 to <5 BI	5 to <10 BI	10+ BI	Saol	Iomlán
Dúnmharú	0	0	0	0	0	0	0	3	248	251
Dúnorgain	0	0	0	0	0	4	47	19	2	72
Cionta Gnéis	0	0	5	23	20	41	111	66	9	275
Cionta eile in aghaidh an Duine	1	18	38	71	80	123	79	19	4	433
Cionta in aghaidh sealúis le foréigean	0	1	3	10	10	26	19	27	0	96
Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean	4	32	113	150	121	173	145	10	1	749
Ciomta Drugaí	4	3	22	33	60	133	220	92	0	567
Cionta Tráchtá Bóthair	6	29	52	42	19	28	8	0	0	184
Cionta eile	35	41	50	48	19	64	55	5	0	317
Iomlán	50	124	283	377	329	592	684	241	264	2,944

Tábla 2.4: Aoisphróifíl na bPríosúnach faoi choimeád ar 5 Nollaig 2008

	Baineannach	Fireannach	Iomlán
16	0	14	14
17	0	24	24
18 - < 21	4	286	290
21 - < 25	12	556	568
25 - < 30	15	634	649
30 - < 40	16	784	800
40 - < 50	12	366	378
50+	5	216	221
Iomlán	64	2,880	2,944

Tábla 2.5 : Náisiúntacht daoine faoi choimeád faoi phianbhreith ar 5 Nollaig 2008

	Bain.	Fir.	Iomlán	%
Éireannach	53	2,590	2,643	89.8
An Ríocht Aontaithe	4	66	70	2.4
Aontas Eorpach eile	1	116	117	3.9
Eorpach eile	0	20	20	0.7
Afracach	4	56	60	2
Áiseach	0	23	23	0.8
Meiriceá Láir/Theas	1	4	5	0.2
Meiriceá Thuaidh	0	5	5	0.2
An Astráláise	1	0	1	0
Iomlán	64	2,880	2,944	100

Tábla 2.6: Fiachóirí agus Loiceadóirí Fíneála faoi choimeád ar 5 Nollaig 2008

	Bain.	Fir.	Iomlán
Fiachóirí	2	18	20
Pianbhreith Fhíneála	0	12	12
Iomlán	2	30	32

Líon laethúil na bpríosúnach faoi choimeád

Bhí na spásanna lán nó beagnach lán sa chuid is mó de na príosúin i 2008. Bá é 3,544 meánlíon na bpríosúnach faoi choimeád ar bhonn laethúil.

Tábla 2.7: Meánlíon laethúil na bpríosúnach i ngach institiúid 2008

Institiúid	Leapacha	Meánlíon faoi choimeád	% Leapacha	TR in-athbhreithnithe	Iomlán	Ciontóirí gnéis	Baint le hinimisce
Cnoc an Arbhair	146	146	100%	0	146	88	0
An Caisleán Riabhach	228	232	102%	13	245	20	0
Cnoc Seimre	431	441	102%	3	444	0	11
Corcaigh	272	276	102%	45	321	6	1
Luimneach (b)	20	20	99%	6	26	0	0
Luimneach (f)	275	284	103%	25	309	3	1
An Lochán	125	114	91%	16	130	0	0
Lár Tíre	467	463	99%	27	490	79	0
Muinseo (b)	85	104	122%	34	138	0	3
Muinseo (f)	540	588	109%	69	657	0	0
Port Laoise	210	107	51%	0	107	0	0
Teach na gCanónach	82	77	94%	14	91	0	0
Naomh Pádraig	214	207	97%	5	212	5	0
Aonad Oiliúna	102	97	95%	4	101	0	0
Cruithneachtán	384	388	101%	12	400	79	1
Iomlán	3,581	3,544	99%	273	3,817	280	17

- Ba é 3,544 meánlíon na bpríosúnach faoi choimeád i 2008 i comparáid le 3,321 i 2007.
- Ba é 124 meánlíon na gciontóirí bainneannacha faoi choimeád i gcomparáid le 111 i 2007.

CIMITHE

Líon na gcimithe go príosún i 2008

Bhí iomlán de 13,557 cimithe go príosún i 2008. Bhain an 13,557 cimithe le 10,928 daoine. D'fhéadfadh duine a bheith cimithe níos mó ná uair amháin dá gcimeofaí é/í níos mó ná uair amháin sa bhliain. Tá an t-iomlán de 13,557 cimithe le cur i gcomparáid le 11,934 i 2007, is é sin méadú de 13.6%.

San iomlán de 13,557 bhí:

- 7,461 cimithe faoi phianbhreith.
- 5,052 cimithe ar athchur.
- 1,034 cimithe faoi dhlí na hinimirice.
- 10 éiginnte as díspeagadh cúirte.

Tábla 2.8 Cimithe go príosún 2001 to 2008

Bliain	Iomlán	Athrú ón bhliain roimhe	Daoine	Athrú ón bhliain roimhe	Fir.	Bain.
2001	12,127		9,539		8,616	923
2002	11,860	-2.20%	9,716	1.9	8,673	1,043
2003	11,775	-0.70%	9,814	1	8,669	1,145
2004	10,657	-9.50%	8,820	-10.1	7,914	906
2005	10,658	0.00%	8,686	-1.5	7,780	906
2006	12,157	14.10%	9,700	11.7	8,740	960
2007	11,934	-1.80%	9,711	0.1	8,556	1,155

Líon na ndaoine a cimíodh go príosún i 2008

Bhí iomlán de 10,928 daoine i gceist sna 13,557 cimithe. Baineann an figiúr le daoine a bhí nuachimithe go príosún (i.e. nach raibh ar athchur cheana féin nó ag fulaingt pianbhreithe eile). Is ionann é seo agus 12.5 faoin gcéad de bhreis ar iomlán 2007 de 9,711 daoine.

Aois agus Inscne na ndaoine a cimíodh go príosún i 2008

Ba iad na céadatáin de réir inscne 88.8% d'fhireannaigh agus 11.2% de bhaineannaigh, i gcomparáid le figiúirí 2007 nuair ba fhireannaigh 88.1% agus baineannaigh 11.9%.

Tábla 2.9 :Aois agus Inscne daoine a cimíodh go príosún i 2008

Aois (Blianta)	Bain.	Fir.	Iomlán	%
16	0	112	112	1
17	0	129	129	1.2
18 - < 21	145	1,215	1,360	12.4
21 - < 25	231	2,030	2,261	20.7
25 - < 30	287	2,114	2,401	22
30 - < 40	372	2,505	2,877	26.3
40 - < 50	137	1,114	1,251	11.5
50+	53	484	537	4.9
Iomlán	1,225	9,703	10,928	100
%	11.2	88.8	100	

Contae agus Tír Dhúchais

Luaigh breis agus trian (35.6%) de na daoine ar fad a cimíodh Baile Átha Cliath mar a gcontae cónaithe. Ba iad Corcaigh le 10.3%, Luimnech le 5.8% agus Gaillimh le 3.8% na contaetha ba mhó a luadh ina dhiaidh sin.

Astu siúd ba Éireannaigh iad 7,681 (70.3%) den iomlán (10,928) arbh ionann é agus méadú de 1,234 nó 19.1% ar a chomhionann d'fhigiúir i 2007, is é sin 6,447.

Ba shaoránaigh de bhallstáit den Aontas Eorpach (seachas Éireannaigh) 1,451 (13.3%) de na daoine a cimíodh. Eorpaigh eile a bhí i 278 (2.5%), saoránaigh Afracha 757 (6.9%), saoránaigh Áiseacha 512 (4.7%) agus tháinig 184 (1.7%) ó Mheiriceá Láir agus Theas. Feach an Tábla thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tábla 2.10: Náisiúntacht luaite ag daoine a cimíodh i 2007 & 2008						
Náisiúntacht	2007		2008		Athrú	
	líon	%	líon	%	líon	%
Éireannach*	6,447	66.4	7,681	70.3	1,234	19.1
An Ríocht Aontaithe.	228	2.3	224	2	-4	-1.8
An tAontas Eorpach	1,126	11.6	1,227	11.2	101	9
Eorpaigh eile	311	3.2	278	2.5	-33	-10.6
Afracach	612	6.3	757	6.9	145	23.7
Áiseach	611	6.3	512	4.7	-99	-16.2
Astráláiseach	4	0	5	0.1	1	25
Meiriceá Láir/Theas	303	3.1	184	1.7	-119	-39.3
Meiriceá Thuaidh	18	0.2	21	0.2	3	16.7
Gan taifead	51	0.5	39	0.4	-12	-23.5
Iomlán	9,711	100	10,928	100	1,217	12.5
Aontas Eorpach (Éire san áireamh)	7,801	80.3	9,132	83.6	1,331	17.1
Aontas Eorpach eile (Ríocht Aontaithe san áireamh)	1,354	13.9	1,451	13.3	97	7.2

* tá mionscagadh de réir contaetha cónaithe ar fáil ar ár suíomh idirlín: www.irishprisons.ie

Cimithe faoi phianbhreith

Bhí 7,461 cimithe díreach faoi phianbhreith i 2008. Nuair a chuirtear leis sin 582 príosúnach, a bhí faoi choimeád cheana féin ag tús na bliana ar athchur/ag fanacht ar thriail agus a cimíodh ar ball nuair a ciontaíodh iad, is é 8,043 líon na bpríosúnach i 2008 ar glacadh leo tar éis a gciontaithe.

Fad pianbhreithe


Bhí méadú de 24.6% i líon na ndaoine a cimidh go príosún faoi phianbhreith i 2008 (8,043) thar 2007 (6,455). Ar na claontáí suntasacha tá:

- Tháinig méadú de 38.3% ar líon na bpríosúnach ag fulaingt 10 mbliain nó níos mó ó 47 ciontóirí i 2007 go 65 i 2008. Leanann sé sin méadú de 114% sa chatagóir seo i 2007, i.e., ó 22 i 2006 go 47 i 2007. Bhain an méadú i 2008 go príomha le cionta drugaí a raibh méadú iontu ó 22 ciontóirí i 2007 go 36 i 2008.
- Bhí méadú de 1,233 nó 54% ar chimithe de níos lú ná 3 mhí thar an líon i 2007 (2,293 go 3,526).
- Tháinig méadú ar líon na gcimithe go príosún i 2008 as cionta tráchta bóthair de 44% ar an líon i 2007, i.e., ó 1,564 i 2007 go 2,254 i 2008. Bhí níos lú ná 3 mhí i gceist i 61% de na pianbhreitheanna sa chatagóir seo.

Tábla 2.11: Cimithe faoi phianbhreith de réir aoisghrúpa i 2008

AOIS (Blianta)	Iomlán	%
16	70	0.9
17	91	1.1
18 - < 21	1,119	13.9
21 - < 25	1,830	22.8
25 - < 30	1,652	20.5
30 - < 40	1,966	24.4
40 - < 50	912	11.3
50+	403	5
Iomlán	8,043	100

Chart 1: Age Profile of Persons Committed Under Sentence in 2008



Cimithe de réir grúpa cionta

Baineann Seirbhís Phríosúin na hÉireann leas as ceithre phríomhghrúpa cionta le heolas a chur ar fáil maidir le cineálacha cionta.

Grúpa 1 (Cionta ina aghaidh an duine)

Bhí 939 cimithe faoi phianbhreith i 2008 maidir le cionta in aghaidh an duine, líon arbh ionann é agus 11.7% de iomlán 2008.

Grúpa 2 (Cionta in aghaidh sealúis le foréigean) agus Grúpa 3 (cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean)

Bhí 2,090 cimithe faoi phianbhreith ann i 2008 de bharr cionta in aghaidh sealúis, arbh ionann é agus 26% de iomlán 2008.

Grúpa 4 (Cionta eile)

Bhí 5,014 cimithe faoi phianbhreith i 2008 sa ghrúpa, a bhain go príomha le cionta drugaí, tráchta bóthair agus easoird phoiblí agus ba é a bhí ansin 62.3% de iomlán 2008..

Tá miondealú sna Táblaí seo a leanas thíos.

Tábla 2.12: Cimithe faoi phianbhreith i 2008 - miondealú de réir Tuairisc Chionta

	Bain.	Fir.	2008		2007	
			iomlán	% den iomlán	iomlán	% den iomlán
Iomlán Grúpa 1 :						
Cionta in aghaidh an duine	48	891	939	11.7	882	13.7
DÚNMHARÚ	0	20	20	0.2	19	0.3
DÚNORGAIN	1	11	12	0.1	19	0.3
CIONTA GNÉIS	0	120	120	1.5	116	1.8
CIONTA EILE IN AGHAIDH AN DUINE	47	740	787	9.8	728	11.3
Cionta eile: Ionsaí	32	380	412	5.1	361	5.6
Ionsaí ba thrúig dhíobhála	10	210	220	2.7	206	3.2
Ionsaí ar Gharda	0	19	19	0.2	27	0.4
Ionsaí ba thrúig dhíobhála coirp	0	13	13	0.2	20	0.3
Cionta eile sa chatagóir seo	5	118	123	1.6	114	1.8
Iomlán Grúpa 2 :						
Cionta in aghaidh sealúis le foréigean	0	65	65	0.8	41	0.6
Iomlán Grúpa 3 :						
Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean	208	1,817	2,025	25.2	1,744	27
Goid	148	640	788	9.8	687	10.6
Damáiste Coiriúil	17	390	407	5.1	330	5.1
Buirgléireacht - Iomlán	5	246	251	3.1	190	2.9
Robáil	6	165	171	2.1	166	2.6
Lámhseáil Earraí Goidte	6	110	116	1.4	89	1.4
Dul isteach ar fhoirgnimh etc agus é ar intinn cion a dhéanamh	10	78	88	1.1	70	1.1
Cionta eile sa chatagóir seo	16	188	204	2.5	212	3.3
Iomlán Grúpa 4 :						
Cionta eile	449	4,565	5,014	62.3	3,788	58.7
CIONTA DRUGAÍ	42	595	637	8	530	8.2
CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	205	2,049	2,254	28	1,564	24.2
Gan árachas (Úsáideoir/Uinéir)	73	855	928	11.5	711	11
Tiomáint Mheisciúil (Fuil/Anáil/Dada/Mún)	17	290	307	3.8	189	2.9
Tiomáint Chontúirteach (Míchúramach/Róthapaidh)	9	162	171	2.1	105	1.6
Gabháil Mhídhleathach Mótarfheithicle	1	95	96	1.2	91	1.4
Gan Diosca a thaispeáint (Árachas/Cáin Bhóthair/TNG/Páirceáil)	46	270	316	3.9	100	1.5
Gan Cheadúnas Tiomána (Uinéir/Tiománaí)	10	60	70	0.9	52	0.8
Carraeireacht gan údarás i/ar mhótarfheithicil	1	30	31	0.4	37	0.6
Cionta Tráchta Bóthair eile	48	287	335	4.2	279	4.3
CIONTA EILE	202	1,921	2,123	26.4	1,694	26.2
Iompraíocht Bhagrah/Dhíbhilithe/Mhaslach in Áit Phoiblí	40	529	569	7.1	481	7.5
Cionta Fiachóirí (Loiceadh ar chothabháil a íoc san áireamh)	20	235	255	3.2	214	3.3
Ar meisce in áit phoiblí	12	180	192	2.4	135	2.1
Loiceadh ar ghéilleadh do threoir ó Gharda	5	142	147	1.8	136	2.1
Seilbh ar sceana agus earraí eile	1	103	104	1.3	76	1.2
Loiceadh ar theacht i láthair (Dáta Athcuir/Bundáta)	24	110	134	1.7	79	1.2
Cionta Airm Thine	1	47	48	0.6	58	0.9
Sárú ar Ordú Toirmisc (Eatramhach/Cosanta/Sábháilteachta)	3	45	48	0.6	59	0.9
Loiceadh ar thuairsiceán cáin ioncaim a dhéanamh	1	36	37	0.5	24	0.4
Briseadh Síochána	0	21	21	0.3	30	0.5
Cionta eile sa chatagóir seo	95	473	568	7	402	6.2
Móiriamlán	705	7,338	8,043	100	6,455	100

Tábla 2.13: Cimithe de réir cionta agus fad Pianbhreithe i 2008

	<3 Mhí	3 go <6 Mhí	6 go <12 Mhí	1 go <2 BI	2 go <3 BI	3 go <5 BI	5 go <10 BI	10+ BI	Saol	Iomlán
Dúnmharú	0	0	0	0	0	0	0	0	20	20
Dúnorgain	0	0	0	1	0	3	7	1	0	12
Cionta Gnéis	0	1	12	25	17	21	29	15	0	120
Cionta in aghaidh an duine	103	145	181	156	91	74	32	5	0	787
Cionta in aghaidh sealúis le foréigean	2	3	7	18	9	19	7	0	0	65
Cionta in aghaidh sealúis gan fhoréigean	428	407	602	262	152	116	51	7	0	2,025
Cionta Drugaí	139	61	133	53	59	77	79	36	0	637
Cionta Tráchtá Bóthair	1,382	543	241	59	15	9	5	0	0	2,254
Cionta eile	1,472	334	228	36	16	27	9	1	0	2,123
Iomlán	3,526	1,494	1,404	610	359	346	219	65	20	8,043

* Tá breis eolais staidrimh ar fáil ar ár suíomh idirlín (www.irishprisons.ie)

Cimithe de bharr fíneálacha nó fiacha

Bhí méadú de 88.7% le linn 2008 ar chimithe go príosún mar thoradh ar neamhíocaíocht fíneála cúirtordaithe ar an líon i 2007, i.e., ó 1,335 i 2007 go 2,520 i 2008.


Tábla 2.14: Fiachóirí/Loiceadóirí fíneála a cimíodh i 2008

Cineál	Baineannach	Fireannach	Iomlán
Fiachóirí	20	235	255
Pianbhreith Fíneála	339	2,181	2,520
Iomlán	359	2,416	2,775

Daoine faoi choimeád faoi Dhlíthe Inimirce

Bhí 1,034 cimithe, agus iomlán de 961 daoine i gceist, ann i 2008 maidir le cúrsaí inimirce. Is ionann é sin agus laghdú de 16% ar an 1,145 daoine a bhí faoi choimeád i 2007. Ba é 17 an meánlíon aethúil de dhaoine faoi choimeád sa chatagóir seo.

Chart 2: Time Spent in Custody by Persons Committed Under the Immigration Acts



Príosúnaigh faoi phianbhreith saoil

Bhí 20 duine faoi choimeád i 2008 agus iad ag fulaingt pianbhreitheanna saoil..

Bhí thart faoi 60 príosúnach saoil faoi mhaoirsiú i measc an phobail ar 31 Nollaig 2008, agus orthu siúd bhí daoine a scaoileadh ó choimeád breis agus 30 bliain ó shin..

Leanann daoine atá faoi phianbhreith saoil dá bpianbhreith saoil a chur isteach fiú nuair a dtugtar tréimhsí fadaith de scaoileadh sealadach isteach sa phobal dóibh. Cuirfear aon duine a bhfuil scaoileadh sealadach tugtha dó ar ais go príosún má sháraíonn sé/sí coinníollacha a scaoilte nó más ábhar baid iad don phobal. Scaoileadh iomlán de 7 príosúnach saoil saor go sealadach le linn na tréimhse 2004 go 31 Nollaig 2008, faoi mhaoirsiú na Seirbhíse Promhaidh. Ba é an mheántréimhse a chaith na daoine sin faoi choimeád ná 16½ bliana. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le breis bheag ar 7½ bliana mar mheán do scaoilte idir 1975 agus 1984, beagnach 12 bliana do scaoilte idir 1985 agus 1994 agus díreach faoi bhun 14 bliana do scaoilte idir 1995 agus 2004.

Coinbhinsiún um Aistriú Daoine faoi Phianbhreith

I 2008, aistríodh 5 príosúnach isteach i gcóras príosún na hÉireann ó phríosúin thar lear:

- 4 ón Ríocht Aontaithe.
- 1 ó Thuaisceart Éireann.

I 2008, aistríodh 10 príosúnach amach as an ndlínse seo:

- 7 go dtí an Ísiltír.
- 3 go dtí an Ríocht Aontaithe.

Ar an iomlán, tá 139 príosúnach aistrithe go córas príosún na hÉireann ón iasacht agus tá 101 príosúnach aistrithe amach ó tháinig An tAcht um Aistrú Daoine faoi Phianbhreith, 1995 i bhfeidhm ar 1 Samhain 1995.

An Bord Parúil

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Parúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna príosúnach le pianbhreitheanna fada agus le comhairle a thabhairt maidir le riaradh na bpianbhreitheanna sin.

Cuireadh cásanna 66 príosúnach faoi bhráid an Bhoird le linn 2008. De bhreis ar bheith ag plé le tagairtí nua, leanadh de 108 cásanna ó 2007 a bhí ag céimeanna éagsúla den phróisias athbhreithnithe.

Le linn 2008 rinne an Bord moltaí don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le 67 cásanna. Ghlac an tAire go hiomlán le moltaí an Bhoird sa chuid is mó de na cásanna

Toradh ar mholtaí ón mBord Parúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Moltaí déanta

67

Torthaí:

Moltaí a glacadh go hiomlán	62
Glacadh le cuid den mholadh	0
Moltaí nár glacadh leo	2
Cinneadh Aire ar feitheamh	0
Saoradh príosúnach ar loghadh roimh chinneadh	3

Caibidil 3

Coimeád Sábháilte agus Slán

Le sábháilteacht agus slándáil ár bpríosún a fheabhsú, tugadh roinnt céimeanna nua slándála isteach i 2008 le cur in aghaidh gáinneáil contrabhanna isteach inár bpríosún, ceann de na mórdhúshláin faoi phríosúin ar fud an domhain.

Contrabhanna agus bearta slándála

I Meitheamh 2007 d'fhaomhaigh an Rialtas na hacmhainní riachtanacha le pacáiste de bhearta slándála a thabhairt isteach a dhírigh ar na bealaí ina raibh contrabhanna ar nós drugaí, gléasanna troda agus gutháin phóca á ngáinneáil isteach inár bpríosún. Thosaigh seoladh na ngnéithe éagsúla i mBealtaine 2008 le bunú an Ghrúpa Tacaíochta Feidhme.

Tá trí ghné ann den Ghrúpa Tacaíochta Feidhme:		
1. Aonad Tacaíochta Feidhme	2. Aonad um Scagadh Slándála	3. Aonad na Madraí
<p>Tá Aonaid Tacaíochta Feidhme i mbun oibre anois i ngach ceann ceann dár bpríosúin iata (seachas An tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair). Feidhmíonn na hAonaid seo mar fhoirne cuardaigh speisialaithe, na céad fhreagróirí i gcás rabhaidh nó eachtra, an fhoireann ceaptha le rialú agus srianadh a dhéanamh i gcás aistrithe ó chillín agus athlonnaithe agus is iad na picéid dóiteáin ar glao-dhualgas.</p> <p>Bíonn freagrachtaí breise ar na haonaid seo gach eolas faisnéise sa phríosún a bhailiú agus a chomhordú, coimhdeachtaí ardiomrá a dhéanamh, cuidiú le ceannasaí na slándála i measúnú leanúnach agus feabhsú ar an slándáil taobh istigh den phríosún.</p>	<p>Tá brathadóirí siúl-tríd ar dhul an ae-foirte suite i ngach príosún iata agus bíonn ar gach cuairteoir agus ball foirne dul tríd an bhrathadóir sula ligtear é/i isteach sa phríosún. De bhreis air sin, tá scanóirí x-gha ar fáil ag gach príosún iata agus bíonn iallach ann gach mála láimhe, mála cáipéisí, pacáiste, cóta, etc. a chur faoi scanadh.</p> <p>Tá an scanadh seo go hiomlán i bhfeidhm don bhfoireann agus cuairteoirí uile agus iad ag teacht isteach inár bpríosún iata (seachas an tAonad Oiliúna agus Cnoc an Arbhair).</p>	<p>Tá Aonad Madraí Braite Drugaí (ina bhfuil 31 ball foirne) bunaithe ar bhonn náisiúnta. Chríochnaigh an chéad 16 de na foirne sin a n-oiliúint le Seirbhís Phríosúin Thuaisceart Éireann 2008 agus tá siad i mbun oibre inár bpríosún. Beidh líon foirne iomlán ag an aonad seo i 2009.</p>

Chomh maith leis sin tá roinnt bearta eile tugtha isteach/curtha chun cinn le linn 2008 ar a bhfuil:

Teicneolaíocht um chosc ar Ghutháin Phóca

Cuireadh tús in Aibreán 2007 le suitiú ar scéim phíolótach teicneolaíochta le húsáid guthán póca a chosc sna príosúin. Thosaigh an dara céim de Mhodúl an Láir Tíre i bhFeabhra 2008 le tabhairt isteach coscairí, ar bhonn céimnithe, le húsáid gutháin 3G a chosc. Críochnaíodh an tionscnamh i bPríosún an Láir Tíre taobh amuigh de choigeartú teicniúil i Samhain 2008. Tá torthaí an-mhaith ag teacht as measúnú ar an gcóras coisc agus táthar tar éis tosú ar an dara modúl den scéim, insealbhu córas coisc sa bhloc nua agus san Aonad Scarúinte i bPríosún Phort Laoise.

Tá trí thionscnamh tástála ar bun freisin ag suímh phríosúin eile. Nuair a bheas na córais suite go hiomlán agus measúnú déanta beidh sé i gceist tairiscintí iomaíocha a lorg ar bhonn phríosúin ar phríosún ó gach ceann de na cuideachtaí sna trialacha a raibh a dtáirge ag teacht le riachtanais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le cosc guthán póca.

Is é polasaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gabháil guthán póca a thuairisciú d'údaráis an Gharda Síochána. Le linn 2008, gabhadh 2,047 gutháin phóca ar fud na n-institiúidí (féach tábla faoi urghabhálacha).

Tábla 3.1: Urghabhálacha ar Ghutháin Phóca sna príosúin:

Príosún/Ionad coinneála	2007	2008
Cnoc an Arbhair	5	3
An Caisleán Riabhach	101	106
Cnoc Seimre	129	128
Corcaigh	110	64
Ionad Dóchais	73	55
Luimneach	255	292
Teach an Locháin	87	58
Lár Tire	154	136
Muinseo (Fireannaigh)	718	580
Port Laoise	62	41
Teach na gCanónach	25	72
Naomh Pádraig	150	160
An tAonad Oiliúna	55	120
Cruithneachtán	193	232
Total	2,117	2,047

Cathaoir Scanála Slándála Oscailt Cholainne (BOSS)

Tá cathaoireacha BOSS tugtha isteach le príosúnaigh a scanadh le haghaidh contrabhanna ceilte ina gcuais choirp.

Bhí na bearta nua seo thar a bheith éifeachtach agus dar le faisnéis áitiúil tá laghdú tagtha ar infhaighteacht guthán póca ar fud an chórais príosúin. Tá na bearta nua seo ina gcúis freisin le laghdú suntasach ar infhaighteacht ar gach cineál contrabhanna inár bpríosúin agus ar líon na n-eachtraí foréigin.

Foréigean i bPríosúin

Níl glactha le haon leibhéal d'fhoréigean idir príosúnaigh. Déanann an fhoireann agus an bhainisteoireacht gach iarracht raon gníomhartha foréigin a laghdú. Mar sin féin, ní féidir le réimeas ar bith deireadh iomlán a chur leis an bhféidearthacht go dtarlódh eachtraí foréigin i suíomh príosúin agus muid ag coimeád líon mór de chiontóirí contúirteachta agus foréigneacha.

Bhí líon na n-ionsuithe sách beag, go háirithe sna cásanna inar baineadh úsáid as gléas troda, nuair a chuireann tú san áireamh gur chuireamar beagnach 1.3 milliún leaba-oícheanta ar fáil i 2008, d'fhireannaigh óga den chuid is mó. Bhí iomlán de 759 eachtra foréigin i measc príosúnach le linn na bliana agus orthusan bhí eachtraí an-mhionchúiseacha. Sin iomlán de 2 eachtra sa lá i ndaonra de bhreis ar 3,500.

Chomh maith leis sin ní gníomhartha fánacha foréigin iad de ghnáth ionsuithe ag príosúnaigh ar phríosúnaigh -- bíonn baint acu le cúrsaí ar an taobh amuigh -- ar nós fiacha drugaí, iomaíocht i measc dronganna, etc.

Príosúnaigh faoi Chosaint

Ar 5 Nollaig, 2008 bhí 832 príosúnaigh faoi chosaint ar fud an chórais príosúin. Is ionann é sin agus beagán thar 20% de dhaonra iomlán na bpríosún ar an dáta sin.

Is í an fhírinne go lorgaíonn tromlach na bpríosúnach a dteastaíonn uathu dul faoi chosaint a leithéid i ngeall ar eachtraí a tharlaíonn ar an taobh amuigh (iomaíocht idir dronganna, fiacha drugaí agus amhras faoi chomhoibriú leis na Gardaí) agus ní mar gheall ar eagla a bheith orthu roimh ghníomhartha fánacha foréigin sa phríosún. Is léir sin ó chuireann tromlach na bpríosúnach a lorgaíonn dul faoi chosaint é sin in iúl ag céim an chimithe.

Maidir le líon na bpríosúnach faoi chosaint, breathnaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann air sin mar léiriú ar na céimeanna a nglactar sna príosúin ar leith ar mhaithe le sábháilteacht na bpríosúnach. Léiríonn an chaoi ina scarann bainisteoireacht na bpríosún príosúnaigh láithreach ón mórdhaonra príosúin nó ó phríosúnaigh ar leith a luaitear mar ábhar bagartha, tiomantas bhainisteoireacht na bpríosún do shábháilteacht agus slándáil a chinntiú.

Is fíorannamh a choinnítear príosúnaigh faoi chosaint ina n-aonar ar feadh níos mó ná tréimhse ghairid. De ghnáth bogtar na daoine sin go dtí áiléar nó sciathán comhchoiteann a mbíonn ann príosúnaigh faoi chosaint nó príosúnaigh leochaileacha eile. I gcásanna deargphráinne, b'fhéidir gur gá príosúnach a chur ar réimeas "glasáil 23 uaire an chloig". B'fhéidir go mbíonn na daoine seo faoi bhagairt chomh mór sin nach féidir teagmháil ar bith a bheith acu le príosúnaigh eile. Tá roinnt príosún ann a bhfuil líon suntasach de phríosúnaigh faoi chosaint acu atá coinnithe ar áiléir ar leith agus bíonn teacht acu siúd ar réimse leathan gníomhaíochtaí ar a mbíonn scoil, ceardlanna, áiseanna gleacaíochta, seirbhís phromhaidh agus seirbhís shéiplínteachta.

Scaoileadh Sealadach

Leagtar síos san Acht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach), 2003 agus i Rialacha na bPríosúnach (Scaoileadh Sealadach) 2004 an bunús reachtúil le cumhacht an Aire scaoileadh sealadach a dheonú trí na prionsabail a leagadh síos a bhaineann le cleachtadh na cumhachta seo. Cuireann an tAcht seo bunús soiléir agus trédhearcach ar fáil freisin, chomh maith leis na cosaintí riachtanacha atá de dhíth, le haghaidh fheidhmiú chóras na scaoilte sealadaí.

Ba é 273 meánlíon na ndaoine ag fulaingt pianbhreitheanna a bhí scaoilte go sealadach le linn 2008. Is ionann é sin agus 7.15% de mheánlíon iomlán na bpríosúnach sa chóras.

Éalú agus Teicheadh ó choimeád

Ní raibh aon éalú ó thaobh istigh de chríocha na bpríosún iata le linn 2008 ná teicheadh ó choimeád na n-oifigeach príosúin agus iad faoi choimhdeacht taobh amuigh de insititiúid iata.

Theich iomlán de 122 príosúnach ó choimeád, ó ionad oscailte nó ar thurais faoi thionlacan (le hoifigeach, séiplíneach príosúin nó seirbhísí tacaíochta eile, ar nós Oifigigh Phromhaidh nó Leasa). Bhí 92 díobhsan a theich ar ais faoi choimeád faoi dheireadh na bliana.

Tábla 3.2: Éalú agus Teicheadh ó choimeád i 2008					
Príosún	Éalú	Teicheadh	Iomlán	Tugtha ar ais i gcoimeád (faoi 31 Nollaig 08)	Fós ar iarraidh ar 31 Nollaig 08
Cnoc an Arbhair	0	0	0	0	0
An Caisleán Riabhach	0	0	0	0	0
Cnoc Seimre	0	0	0	0	0
Corcaigh	0	0	0	0	0
Luimneach	0	0	0	0	0
Teach an Locháin	0	45	45	30	15
Lár Tíre	0	1	1	1	0
Muinseo (b)	0	0	0	0	0
Muinseo (f)	0	1	1	1	0
Port Laoise	0	0	0	0	0
Teach na gCanónach	0	75	75	60	15
Naomh Pádraig	0	0	0	0	0
Aonad Oiliúna	0	0	0	0	0
Cruithneachtán	0	0	0	0	0
Iomlán	0	122	122	92	30

Íospartaigh Coireanna

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann thar a bheith meabhrach faoi staid na n-íospartach agus a muintir agus faoi na torthaí dochracha ar chionta, torthaí a bhféadfadh daoine a mhilleadh. Déanfaidh Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gach iarracht, nuair a iarrann íospartach nó muintir íospartaigh é, iad a choinneáil ar an eolas maidir le himeachtaí suntasacha i mbainistiú phianbhreith dhéantóir na coire chomh maith le heolas faoi scaoileadh atá le teacht. Ar na himeachtaí suntasacha sin bheadh scaoileadh sealadach, éisteachtaí boird parúil, láithris sa chúirt, aistriú go príosún eile nó dátaí scaoilte tuartha. Is féidir go mbeadh an teagmháil seo i scríbhinn, de theileafón, de ríomhphost nó go pearsanta. Cuirtear dearcadh na n-íospartach agus a muintire san áireamh i gcónaí nuair a bhíonn cinneadh le déanamh faoi bhainistiú pianbhreithe ar nós scaoilte sealadaí.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur seirbhís dheonach é seo agus nach dtabharfar an t-eolas ábhartha ach dóibh siúd a roghnaíonn amhlaidh.

Má theastaíonn uait feidhm a bhaint as Seirbhís Idirchaidrimh Íospartach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

Oifigeach Idirchaidrimh Íospartach
Ceannáras Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
Lárionad Gnó an Údaráis Forbartha Tionscail
Bóthar Bhéal Átha na Laoi
An Longfort

Teileafón: 043 33 35100

Ríomhphost: vlo@irishprisons.ie

Caibidil 4

Cúram agus Athshlánú na bPríosúnach

Réamhrá

Is aidhm bhunúsach de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é cúram agus athshlán na bpríosúnach. De réir a ráitis mhisin, déanann an tSeirbhís iarracht cur chuige cothrom a bhaint amach i gcur i ngníomh críochnúil ar a cuid feidhmeanna cúraim agus coimeádta. Tugann sí faoi bhainistiú pianbhreitheanna ar bhealach a spreagann príosúnaigh agus a thugann tacaíocht dóibh in a n-iarrachtaí maireachtáil go géilliúil don dlí agus saolta fiúntacha a chaitheamh tar éis a scaoilte.

Cuimsíonn cúram agus athshlánú príosúnach inchur suntasach iltoiseach ó réimse leathan de sheirbhísí ginearálta agus speisialaithe a chuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus seirbhísí inteagmhála reachtúla agus neamhreachtúla araon ar fáil. Is comhpháirtí suntasach í an tSeirbhís Phromhaidh sa ghnó seo.

Ar na seirbhísí éagsúla atá faoi chúram Sheirbhís Phríosúin na hÉireann tá na seirbhísí oideachais, saothair agus oiliúna, síceolaíochta agus spioradálta. Bíonn tábhacht leis na seirbhísí seo i dtabhairt faoi réiteach ar dheiseanna caillte i gcúrsaí oideachais agus gairme, iompraíocht dhéistíneach, andúil drugaí agus alcóil agus droch-fhéinbhainistíocht. sa chaoi is gur féidir leis na príosúnaigh forás dearfach pearsanta a bhaint amach i bpríosún mar aon le hathimeascadh agus athlonnú i measc an phobail. Cuimsíonn feidhm an chúraim freisin soláthar ar thosca sásúla maireachtála maidir le cóiríocht, lónadóireacht, seirbhís níos áine, sláinte agus réimeas laethúil chomh maith le naisc a choinneáil leis an bpobal agus bearta le hathimeascadh a éascú.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis glacadh le Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna (ISM) mar straitéis le comhordú idirghníomhaíochtaí a chinntiú, bunaithe ar phleananna aontaithe um phianbhreitheanna aonair.

Bainistíocht Chomhtháite Pianbhreitheanna

Tá próisis bhainistíochta pianbhreitheanna ar bun i gcóras príosún na hÉireann leis na blianta fada chun leasa na bpríosúnach agus an phobail. Le déanaí tá deiseanna curtha ar fáil don a thuilleadh forbartha leis an gclár leanúnach de nua-aimsearú ar eastát na bpríosún agus ar theacht isteach clár agus seirbhísí nua. Thosaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar fhorbairt ar chóras ISM lán-chomhordaithe i 2007 agus lean siad lena fhorbairt i 2008, ag cur tús le tionscnamh píolótach ag Príosúin Chnoc an Arbhair agus Chruithneachtáin.

Cuimsíonn ISM cur chuige nua i seachadadh seirbhísí do phríosúnaigh agus béim nua ar phríosúnaigh a bheith ag glacadh freagracht níos mó chucu féin as a bhforás féin trí idirghníomhaíocht le seirbhísí speisialaithe agus neamhspeisialaithe sna príosúin. Is é an toradh a bheas ann ag deireadh cur chuige ildisciplíneach príosúnachlárnaithe maidir le hoibriú le príosúnaigh le soláthar do mheasúnú tosaigh, ceapadh spriocanna agus athbhreithniú tréimhsiúil le dul chun cinn a mheas.

Le linn 2008, roghnaigh foirne ildisciplíneacha sa dá phríosún píolótacha príosúnaigh le páirt a ghlacadh i gcéim thrialach an chórais nua (20 i gCnoc na Arbhair agus 45 i gCruithneachtán). Tagann na príosúnaigh a roghnaíodh ó réimse de thréimhsí pianbhreithe agus rinneadh dul chun cinn mór i bhforbairt chóras, nósanna imeachta agus cumas, ag cur san áireamh córais eolais, páirtsonraithe, clár oiliúna agus ciontóirí.

Meastar go dtiocfaidh críoch leis an bpróiseas píolótach ISM sa dá phríosún seo le linn 2009 agus go leathnófar é go gach príosún de réir a chéile agus de réir mar a bheas foireann agus acmhainní airgid ar fáil.

Oideachas

Is é is cuspóir leis na tseirbhís oideachais clár ardchaighdeáin, leathan, solúbtha oideachais a chuideoidh le príosúnaigh cur suas lena bpianbhreitheanna, forás pearsanta a bhaint amach, ullmhú don saol tar éis a scaoilte agus fonn agus cumas a bhunú iontu le haghaidh foghlama fad saoil. Déanann an tSeirbhís iarracht cláir ábhartha a sheachadadh ina mbeidh freastal ar riachtanais iomlánaíochta, a chinntíonn rochtan leathan agus ardpháirtíocht, a dhíríonn orthu siúd le riachtanais oideachais bunúsacha. Cuireann sí chun cinn prionsabail na haosoiliúna agus oideachais phobail agus tacaíonn sí le cur chuige ildisciplíneach taobh istigh den chóras príosúin.

Is cuid bhunúsach de réimeas cúraim agus athshlánaithe na bpríosúin iad na hAonaid Oideachais agus is comhpháirtíocht iad idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Déanann Coistí Gairmoideachais faoi seach bainistiú ar fhostaíocht múinteoirí atá ceaptha do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag leibhéal áitiúil, i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Bíonn Príomhoide i ngach Aonad Oideachais mar aon le foireann de mhúinteoirí cáilithe le speisialtóireachtaí ábhair éagsúla ar nós mar a bhíonn i gcoláistí sa phobal.

Cuireann gníomhaireachtaí eile go mór le hoideachas sna príosúin. Orthu siúd tá an Open University, an Chomhairle Ealaíon agus coláistí tríú leibhéal ar nós an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus Institiúid Teicneolaíochta Atha Luain.

Cuireann gach ceann de na haonaid oideachais curaclam leathan ar fáil don phríosúnach, curaclam atá oiriúnaitheach agus bunaithe ar riachtanais na gcliant atá ag baint leas as na seirbhísí. Bíonn na modheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama bunaithe ar an gcleachtas reatha is fearr in earnáil na haosoiliúna, ag cur riachtanais oideachais an fhoghlaimeora i lár na planála curaclaim uile. Agus an cuspóir seo in intinn, tairgeoidh gach Aonad Oideachais réimse de roghanna ábhar agus leibhéal a chuirfidh ar chumas an léitheora an deis leibhéil reatha oideachais a uasdátú agus nuair is féidir, cur leo siúd, le go mbeidh an bunús oideachais agus scileanna ag an bhfoghlaimeoir feidhmiú mar dhuine éifeachtach sa tsochaí tar éis a scaoilte.

Treoraíonn agus spreagann gach Aonad Oideachais iad siúd a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí oideachais le díriú ar theistiméireacht oideachais a bhaint amach agus déantar planáil dá réir. Is féidir cúrsaí agus cláir a rangú mar seo a leanas:

- Oideachas Bunúsach, litearthacht, uimhirtheacht, Béarla mar dhara teanga agus cumarsáid san áireamh;
- Na hEalaíona Cruthaíochta, ceol, taifeadadh fuaime agus léiritheoireacht, drámaíocht, ealaín, ceardaíocht, saoirseacht chloiche, léiritheoireacht scannán agus grianghrafadóireacht go háirithe.
- Teicneolaíocht, ar a mbíonn adhmaadóireacht, snoódóireacht adhmaid, miotalóireacht, dearadh ríomhchuidithe, teicneolaíocht eolais agus gairneoireacht;
- Ábhair Ghinearálta, ag cuimsiú na n-ábhar, stair, teangacha, tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile agus litríocht an Bhéarla;
- Scileanna Beatha: forás pearsanta, scileanna idirphearsanta, bainistú feirge, tuismitheoireacht, cúram páistí, staidéar andúile, teoiric tiomána, sláinteachas bia, etc.
- Maireachtáil shláintiúil, go háirithe corpoideachas, corpacmhainn agus gníomhaíochtaí fóillíochta, oideachas sláinte, biaréim agus cothúchán.

Le go mbeidh deis ag na príosúnaigh uile páirt a ghlacadh san oideachas beag beann ar a leibhéal iontrála nó réamhthaithí, cuirimid roghanna teistiméaireachta ar fáil a bhíonn cuí do riachtanais daoine fásta. Orthu siúd tá FETAC Leibéal 2, 3, 4, agus 5, Ardteistiméarachta agus Teastas Sóisearach, ECDL, agus Open University.

Oibríonn Aonaid Oideachais mar chuid de fhoireann ildisciplíneach, taobh istigh den phríosún le tabhairt faoi iliomad agus éagsúlacht riachtanas an daonra príosúin. Reachtálar cúrsaí agus cláir i gcomhar le seirbhísí leabharlainne, speisialtóirí i gcúram sláinte, Aonaid Oibre agus Oiliúna, Oifigigh Phromhaidh agus Leasa, etc. Is cuid thábhachtach den phróiseas athshlánaithe taobh istigh de na príosúin iad na cúrsaí réamhscaoilte agus bíonn an fhoireann oideachais gafa go lárnach le cláir dá leithéid a cheapadh agus a sheachadadh.

Le linn 2008 bhí beagnach leath de na príosúnaigh uile gafa le cineál éigin oideachais agus bhí breis agus an ceathrú cuid díobh gafa go dian leis. Féach Tábla 4.1.

Table 4.1: Prisoner Participation in Education, 2008

Príosún/ Institiúid		Páirtíocht		Dianpháirtíocht	
		Líon príosúnach	%	Líon príosúnach	%
Cnoc an Arbhair	147	113	77%	56	38%
An Caisleán Riabhach	244	116	48%	91	37%
Cnoc Seimre	450	85	19%	70	15%
Corcaigh	281	133	47%	84	30%
Dóchas	109	76	70%	42	38%
Luimneach	299	150	50%	96	32%
Teach an Locháin	123	98	80%	81	66%
Lár Tíre	467	236	50%	86	18%
Muinseo	617	223	36%	118	19%
Port Laoise	108	105	97%	23	21%
Teach na gCanonach	87	58	67%	26	30%
Wheatfield	399	196	49%	120	30%
Total	3,659	1,759	48%	993	27%

Staidreamh bunaithe ar rollú i seachtain shamplach i Samhain 2008

**Dianpháirtíocht = Gafa le ranganna struchtúrtha ar feadh 10 uaire an chloig nó níos mó sa tseachtain.*

Seirbhísí Leabharlainne

Cuirtear seirbhísí leabharlainne ar bun i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla cuí.

I 2008, rinneadh dianiarrachtaí cur leis an líon leabhar i dteangacha seachas Béarla a mhéadú le freastal ar neamh-Éireannaigh faoi choimeád. Baineadh feidhm as acmhainní freisin le líon na gclosleabhar agus leabhar soléite a mhéadú.

Obair agus Gairmoiliúint i bPríosúin

Cuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann béim mhór ar sholáthar imeachtaí gairmoiliúna do phríosúnaigh. Roghnaítear cláir oiliúna leis na méid is mó fostaíochta agus is féidir a thabhairt i bpríosúin agus deiseanna a thabhairt le scileanna a bhaint amach a thabharfadh slánfhostaíocht dóibh tar éis a scaoilte. Feidhmíonn raon leathan de cheardlanna taobh istigh de na hinstitiúidí, e.g. clódóireacht, ríomhairí, Braille, adhmaadóireacht, miotalóireacht, tógáil, glanadh tionsclaíoch ar conradh, ceardaíocht, gairneoireacht agus leictreonaic.

Comh maith leis sin cuimsíonn feidhm na hoibre agus oiliúna seirbhísí riachtanacha ar nós lónadóireachta agus seirbhís níos álainn.

Bhí breis agus 90 ceardlann ag feidhmiú ar fud na bpríosún, agus bíonn siad in ann freastal ar bhreis agus 800 príosúnach gach lá.

Tá creidiúnú seachtrach ar oiliúint dheimhnithe ar fáil do roinnt cúrsaí a reachtáltar taobh istigh de na hinstitiúidí. Tháinig méadú go 381 i 2008 ó 314 i 2007 ar líon na bpríosúnach a ghlac páirt i gcúrsaí deimhnithe gairmoiliúna – méadú de 21%. Tá obair ar bun le réimse na gclár atá ar fáil taobh istigh de na hinstitiúidí a leathnú.

Críochnaíodh seoladh bunachair sonraí oiliúna oibre (WTMS) i ngach príosún i 2008. Éascaíonn an bunachar rianú ar pháirtíocht príosúnach agus a ndul chun cinn in obair agus gníomhaíochtaí gairmoiliúna agus cúrsaí agus é/í faoi choimeád. Cuidíonn sé freisin le monatóireacht agus measúnú ar leibhéal agus éifeacht na hoibre agus seirbhísí oiliúna do phríosúnaigh.

Leanadh de shocruithe comhpháirtíochta le FÁS, leis an tSeirbhís Phromhaidh agus leis an gClár Nascála agus neartaíodh iad le linn na bliana ar mhaithe le deiseanna fostaíochta na bpríosúnach a fheabhsú ar fhilleadh chun an phobail dóibh. Ag deireadh 2008, ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann le prótacal leis an trí eagraíocht a shocraigh go bhféadfaí príosúnaigh oiriúnacha a chur chuig Seirbhísí de chuid FÁS ar bhonn scaoilte lae. Cuirfidh a leithéid de pháirtíocht i dtimpeallacht phobail eis an seans go n-éireoidh go maith leis an duine ar fhilleadh ar an bpobal dó/di tar éis a scaoilte.

Agus í i bpáirtíocht le Pobal, d'éirigh le Seirbhís Phríosúin na hÉireann teacht ar mhaoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le haghaidh tionscnaimh thacaíochta infhostaitheachta. Faoin tionscnamh seo, ceapadh beirt Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta ón gClár Nascála (TEOs) le seirbhís oiliúna, oideachais agus socrúcháin fostaíochta a sholáthar do phríosúnaigh i gcoimpléisc Mhuinseo agus an Láir Tíre. Chuaigh an bheirt TEO sin i mbun oibre ag deireadh an tsamhraidh 2007. Chinntigh ardlión atreoracha na bpríosúnach gurbh ghá an tríú TEO a cheapadh i Márta 2008, le maoiniú ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Faoi dheireadh 2008, rinneadh iomlán de 508 atreoracha. As an 247 príosúnach a bhí páirteach agus a scaoileadh le linn an ama sin, bhain 110 díobh poist amach agus ean 37 iarphríosúnach de bheith ag obair leis na TEOs le poist a bhaint amach.

Léiríodh an bheim leanúnach ar dhearbhu cáilíochta agus caighdeán chúraim in obair agus seirbhísí oiliúna agus cláir arís i 2008 nuair a bhuaigh dhá phríosún gradaim náisiúnta do shláinteachas as a n-obair lónadóireachta. Bhuaigh Príosún Chruithneachtáin Gradam Smaragaide na Seirbhíse Poiblí do Shláinteachas ó Fheabhas Éireann (EIQA) agus d'éirigh le Cnoc an Arbhair i gcatagóir na Saifre. I 2008, bhuaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann Gradam an Taoisigh um Fheabhas sa tSeirbhís Phoiblí as forbairt a dhéanamh ar chóras cuimsitheach bainistíochta comhshaoil nuálach agus é a chur i bhfeidhm. Bhí tionscnamh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar cheann de thrí thionscnamh a roghnaíodh le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag an gCúigiú Comhthionól um Fheabhas Riaracháin Phoiblí san Aontas Eorpach a tionóladh sa Fhrainc.

An tSeirbhís Síceolaíochta

Is iad príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Síceolaíochta seirbhísí sláinte mheabhrach a chur ar fáil do phríosúnaigh agus cuidiú le ciontóirí tabhairt faoi thosca agus iad i mbaol athchiontaithe. Bhí iomlán de 19 síceolaí sa tSeirbhís ar a raibh 9 Síceolaí Comhairleoireachta, 7 Síceolaí Cliniciúil, 1 Síceolaí Fóiréinseach agus 2 Cúntóir Síceolaíochta. Comh maith leis sin, rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann urradh ar cheathrar Síceolaí in Oiliúint Chliniciúil i gColáiste na Tríonóide, beirt níos mó ná i 2007.

Le linn 2008, chaith an tSeirbhís Síceolaíochta tamall le 956 príosúnach ar bhonn duine le duine. Leath fad na teiripe ó idirghabháil cuibheasach garthéarmach (1-9 seisiún) go saothar a mhair níos faide (20+ seisiún). De ghnáth díríonn an saothar aonair ar dhá bhunearnáil -- ceisteanna sláinte mheabhrach (déileáil le príosúnacht, lagar spride, imní etc) agus ceisteanna a bhaineann le cionta (e.g. inspreagadh chun athraithe, fearg, mí-úsáid substaintí, ciontóireacht ghnéis agus foréigean).

Gné de obair na Seirbhíse atá ag dul i dtábhacht is ea obair i ngrúpaí. Meastar go leanfaidh an claonadh seo, go háirithe le seoladh clár nua ag díriú orthu siúd a ciontaíodh i gcionta foréigin agus gnéis. An tSeirbhís Síceolaíochta a reachtálann cláir ghrúpaí, uaireanta i bpáirtíocht leis an tSeirbhís Phromhaidh agus an tSeirbhís Chomhairleoireachta Andúile. Cuimsíonn na grúpaí réimse ábhar, Bainistiú Anacra, Rialú ar Mhothúchán bunaithe ar Neamh-mhachnamh (MBER) agus Teiripe Dhialachtalach Iompraíochta. Cuirtear ar fáil freisin réimse de chláir inspreagtha a chlúdaíonn earnálacha mar Bhainistiú Imní/Strusa agus Bainistiú Feirge.

Le linn 2008, rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann forbairt ar roinnt tionscnamh dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar réimse agus líon na n-idirghabhálacha teiripe do chiontóirí gnéis, agus mar thoradh orthu sin tháinig méadú ar na rátaí páirtíochta agus ar éifeacht na n-idirghabhálacha. Bhí trí phríomhchineál de idirghabháil theiripe dhíreach i bhfeidhm i 2008 do chiontóirí gnéis: grúpchlár 11 mhí, comhairleoireacht aonair agus idirghabhálacha duine le duine le síciataithe ar cuairt. Chríochnaigh ochtar ciontóir an grúpchlár i 2008, rud a chiallaíonn go bhfuil iomlán de 136 duine tar éis an clár a chríochnú ó cuireadh tús leis i 1994.

Leanadh an clár le dianthréimhse taighde dírithe ar thabhairt isteach malairt grúp-idirghabhálacha ar mhaithe le cur le líon na gciontóirí gnéis faoi chóireáil. Ceapadh clár nua, "Building Better Lives", le feidhmiú in Eanáir 2009. Tá trí ghné sa chlár: grúpaí oscailte cíortha ("Exploring Better Lives"), grúpaí oscailte cleachta ("Practising Better Lives") agus grúpaí caomhnaithe ("Maintaining Better Lives"). Éascaíonn an cur chuige nua idirghabhálacha a chuireann san áireamh níos mó an baol sa duine aonair, chomh maith lena riachtanais agus c(h)umas. Is féidir le ciontóirí ardbhaoil, mar shampla, níos mó ama a chaitheamh ar obair chionbhunaithe, más gá.

Fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin i rith na bliana do ghrúpaí feabhsaithe inspreagtha a d'eagraigh Insitiúid Grenada sa Lár Tíre agus i gCruithneachtán. Chuir Tionscanamh Idir-ghníomhaireachtaí an Taoibh Thuaidh (NIAP) idirghabhálacha le ciontóirí óga gnéis ar bun i bhForas Naomh Pádraig.

Ath-imeascadh -- Easpa dídine

Is toisc bhunúsach é in athshlánú rathúil dídean cuí agus inrochtana tar éis scaoilte. Tá sé bunúsach maidir le fostaíocht, tacaíocht teaghlaigh agus bainistiú airgid a choinneáil i gceart. Fadhb lanúnach í easpa dídine i measc iarphríosúnach. Le linn 2008, lean Seirbhís Phríosúin na hÉireann dá hionadaíocht ar an bhFoireann Thrasrannach um Easpa Dídine, an Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Easpa Dídine, Bord na Gníomhaireachta um Easpa Dídine agus réimse d'fhóraithe eile le cás na bpríosúnach a chur chun cinn.

Le linn 2008, bhí Aonad na nDaoine gan Dídean de Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag leanúint dá sheirbhís inteagmhála leasa pobail i 10 bpríosún. Seachadaíonn an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann an tseirbhís seo i bpáirt lena chéile agus cinntíonn sé go mbíonn teacht ag príosúnaigh a bhíonn i mbaol a bheith gan dídean tar éis a scaoilte, ar chóiríocht agus tacaíocht ioncaim. Léiríonn an staidreamh do 2008 gur tháinig 894 príosúnach i dtír ar an tseirbhís seo, méadú de 304 ar an mbliain roimhe sin. Leanadh de sheirbhís phiolótach Focus Ireland um easpa dídine i bpríosún Chnoc Seimre i 2008, ag soláthar seirbhís bainistithe cáis agus réamhlónaíochta do phríosúnaigh ar athchur gan dídean.

Tacaíonn an tseirbhís leis an lucht páirtíochta teacht ar sheirbhísí agus cóiríocht chuí ar an mbealach i dtreo maireachtáil go neamhspleách. Tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an tionscnamh seo. Faoi dheireadh na bliana, bhí 68 príosúnach tar éis teacht i dtír ar an tseirbhís ó cuireadh tús léi i Meán Fómhair 2007.

Cosc ar Fhéindochar

Lean an Grúpa Stiúrtha um Chosc ar Fhéindochar agus Bás i nDaonra na bPríosúnach de theacht le chéile i 2008. Cuireann an Grúpa dea-chleachtas chun cinn maidir le féindochar agus bás a chosc i ndaonra na bpríosúnach, agus, nuair is gá, freagairt dá leithéid. Scrúdaíonn grúpaí ildisciplíneacha tosca gach bás faoi choimeád i ngach institiúid freisin agus feidhmíonn an Grúpa Stiúrtha fóram lena dtuairiscí a chomhordú agus a gcinntí a scaipeadh ar fud an chórais phríosúin. Tá straitéisí agus pleananna ann i ngach institiúid le féindochar agus féinmharú a chosc.

Básanna faoi Choimeád

Fuair 11 duine bás agus iad faoi choimeád i 2008. Ag deireadh na bliana bhí ionchoisní ar feitheamh i ngach ceann de na cásanna sin. Thángthas ar fhíoraisc i naoi n-ionchoisne i 2008 maidir le básanna sna blianta roimhe sin. Cuireadh fíoras oscailte ar taifead ag dhá ionchoisne agus cuireadh na básanna eile i leith míthapa (trí cinn), cúiseanna nádúrtha, féinmharú, bás obann de bharr titimis agus bás timpisteach (ceann amháin araon).

Tá fíoraisc ionchoisne ar feitheamh maidir le cuid de na básanna i 2004, 2006, 2007, 2008 agus 2009. D'fhéadfadh go mbeadh sé mar thoradh na n-ionchoisní seo go rangófar básanna mar 'fhéinmharú' nó 'cúiseanna nádúrtha'.

Léiríonn an tábla thíos líon na mbásanna faoi choimeád i bpríosúin na hÉireann ó 2000 go nuige seo:

Bliain	Líon na mBásanna	'Féinmharú'	'Cúiseanna nádúrtha'	Cúiseanna eile (mar shampla, ródháileoga, ní heol)
2000	9	2	4	3
2001	5	1	2	2
2002	8	4	2	2
2003	9	2	3	4
2004	7	4	-	3
2005	8	2	2	4
2006	12	2	4	6
2007	6	1	1	4
2008	11	-	6	5

Nóta: Tá ionchoisní ar feitheamh maidir le cuid de bhásanna 2004, 2006, 2007, 2008 agus 2009. D'fhéadfadh go rialódh na hionchoisní seo gur 'féinmharú' nó 'cúiseanna nádúrtha' a bhí sna básanna. Níl aon ionchoisní ar feitheamh maidir le básanna i 2005.

I roinnt cásanna chuir airdeall na foirne príosúin cosc ar iarrachtaí ar fhéinmharú.

Séiplínigh

Tá 20 séiplíneach lánaimseartha agus 9 páirtaimseartha ann ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann agus ón Eaglais Mheitidisteach. Bíonn na séiplínigh freagrach as cúram aoireachta agus spioradálta na bpríosúnach, beag beann ar a n-aicme creidimh. Is féidir le séiplínigh ó eaglaisí eile teacht isteach sna príosúin mar chuairteoirí. Freastalaíonn ceannairí áitiúla na nloslamach ar riachtanais na bpríosúnach loslamacha.

Caibidil 5

Seirbhísí Sláinte do Phríosúnaigh

Is é is cuspóir don tseirbhís sláinte a chinntiú go mbíonn teacht ag príosúnaigh ar an gcaighdeán agus réimse céanna de sheirbhísí sláinte agus atá ar fáil dóibh siúd atá i dteideal Seirbhísí Liachta Ginearála sa phobal agus atá cuí do thimpeallacht an phríosúin.

Tá soláthar cúram sláinte ina oibleagáid reachtúil ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann mar atá sé leagtha amach i Rialacha na bPríosún 2007.

Aithnítear i ndoiciméid straitéise sláinte go bhfuil easnaimh shuntasacha shláinte ar phríosúnaigh maidir le "meánstádas" shláinte an phobail trí chéile agus, mar sin, ba cheart iad a mheas mar chatagóir le 'riachtanais speisialta'. D'fhéadfadh an phríosúnacht a bheith ina deis le tabhairt faoi na heasnaimh sin.

Achoimre Ghinearálta ar Fhorbairtí Seirbhíse

Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn seirbhísí cúraim sláinte príosúnbhunaithe cúram príomhúil agus bainistiú ar ghalair ainsealacha, andúil agus sláinte mheabhrach.

Le linn 2008 leanadh de fhorbairtí suntasacha i soláthar seirbhíse sláinte sna príosúin, agus orthu sin bhí:-

- Feidhmiú an struchtúir bhainistíochta altramais
- Tabhairt isteach seirbhísí gairmiúla cógaisíochta go gach príosún, seachas príosún Chorcaí (áit a bhfuil siad le teacht isteach i 2009).
- Seoladh 10 leaba breise san Ospidéal Lárnach Mearbhaill do chóireáil ar dhaoine a bhfuil tinneas meabhrach go géar orthu (príosúnaigh san áireamh)
- Seirbhísí comhairleoireachta andúile seolta i 13 príosún/ionaid choinneála
- Poist Altramais Andúile ceaptha do Phríosún Mhuinseo,
- Conradh tugtha do sholáthar Sheirbhísí Cógaistíochta um Chóireáil Drugaí i Muinseo/Dóchas,
- Foilsiú Polasaí Cliniciúil um Chóireáil Drugaí le treoir a thabhairt do chleachtóirí maidir le ceistanna éagsúla cliniciúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i gcóireáil andúile sa phríosún.

Córas Taifead Liachta na bPríosúnach (PMRS)

Díríodh i rith 2008 ar bhainistiú ar bhaoil don tsláinte, trí thaifid a choinneáil go héifeachtach agus tá sé sin bainte amach ar an iomlán le feidhmiú PMRS. Ciallaíonn sé sin go bhfuil teacht ag an bhfoireann sláinte ar fad ar thaifead liachta an othair, rud a éascaíonn cinnteoireacht chliniciúil níos fearr.

Struchtúr Cúraim Sláinte

Rinneadh iniúchadh seachtrach i 2007 agus foilsíodh tuairisc i 2008 ar Chaighdeán Chúram Sláinte Phríosúin na hÉireann, a forbraíodh i 2004 agus a bhfuil iontu soláthar praiticiúil cúraim ag leibhéal na hinsitiúide. Dhírigh an Stiúrthóireacht Chúram Sláinte i mbliana ar an gcaighdeán seo a fheabhsú.

Cúram Príomhúil

Is iad na dochtúirí príosúin atá freagrach as cúram príomhúil liacha na bpríosúnach uile, cúram a chuimsíonn a bhfuil thíos:

- Measúnú liachta ar gach príosúnach nua taobh istigh de thréimhse ama ar leith
- Cúram liachta leanúnach de phríosúnaigh
- Cúrsa cóireála a leagadh síos agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcóireáil sin fad is ata sé ar siúl
- Atreorú le haghaidh tuairim speisialtóra nuair is cuí
- Teagmháil leis na gairmiúlaigh atá gafa le cúram teiripeach iomlán agus folláine na bpríosúnach
- Príosúnaigh a scagadh do ghalair ábhartha
- A chinntiú go ndéantar cláir vaicsínithe do phríosúnaigh a sholáthar

Fostaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 20 dochtúirí i láthair na huaire ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus soláthraítear seirbhísí speisialaithe eile ag baint leas as socruithe conartha príobháideacha agus comhaontuithe leibhéal seirbhíse le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Altramas

Cuireadh críoch le feidhmiú an struchtúir bainistíochta altramais i 2008. Tá Altraí Bainistíochta i ngach príosún iata anois agus Altraí Bainistíochta sa trí phríomhchoimpléacs príosún; Muinseo, Cnoc Seimre/Cruithneachtán agus Lár Tíre/Port Laoise fá seach. Tá sé seo tar éis dul i bhfeidhm go mór ar chomhordú, eagraíocht agus caighdeán na seirbhísí sláinte sa chóras príosúin. Chinntigh sé forbairt na struchtúr freagrachta le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar bhaoil don tsláinte agus go bhfuil an polasaí sláinte lárgointe á chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin tá sé tar éis éascú a dhéanamh ar thionscnaimh fhorbartha sa chleachtas ar nós clinicí vaicsínithe faoi theor altraí, diaibéiteacha, fleibeatóime, sláinte mheabhrach, sláinte fear, scagadh víreasach, etc., le dul chun cinn ar aon dul le straitéis sláinte.

Feabhsóidh na tionscnaimh seo teacht ar ardchaighdeán cúraim do phríosúnaigh a bhfuil riachtanas sárdoiciméidithe acu agus an cúram sin a sholáthar.

Bíonn naisc phobail le haltramas agus seirbhísí eile riachtanach i soláthar cúraim sheasta agus pleanáil scaoilte ó fillfidh príosúnaigh ar a bpobail ag pointe éigin. Cinnteofar aistriú sábháilte cúraim trí naisc éifeachtacha i dtimpeallacht phobail agus laghdóidh sé an baol don phríosúnach agus don phobal trí chéile.

Rinneadh forbairt freisin i 2008 ar phoist Altraí Andúile, go háirithe i Muinseo mar tá líon suntasach de phríosúnaigh ansin a bhfuil cóireáil drugaí uathu.

Seirbhísí Cógaisíochta

Tar éis comórtas tairiscinte, agus bronnadh conarthaí, tugadh seirbhísí cógaisíochta gairmiúla isteach i ngach príosún, seachas Príosún Chorcaí (áit a bhfuil sé le tabhairt isteach ann i 2009). Cinntíonn bronnadh na gconarthaí seo go bhfuil gach príosúnach sna hinstidiúidí seo in ann teacht anois ar sheirbhísí gairmiúla cógaisíochta, ar an mbonn céanna agus a bheadh sa phobal, ag cur san áireamh na constaicí atá in ionad coimeádta. Tá na gnéithe teicniúla (soláthar) agus gairmiúla (cúram cógaisíochta) de sheirbhís chógaisíochta araon ar fáil mar chuid de na conarthaí seo..

Bíodh is go gcinntítear go ndéantar gach oideas a bhreithniú agus a sheiceáil ag potaigéir agus dailte ar bhonn an othair aonair, tacaíonn teacht isteach seirbhísí cógaisíochta cúram seasta níos éifeachtaí, ó cuirtear cógais dailte gach príosúnaigh ar aghaidh in éindí leis/léi nuair a aistrítear é/i go príosún eile, rud a chinntíonn go mbeidh leanúnachas i gcóireáil riachtanach. Ar an dul céanna, is féidir cógais dailte príosúnaigh a thabhairt dó/di tráth a scaoilte go buan nó go sealadach rud a chinnteoidh leanúnachas cóireála riachtanaí go dtí go mbeidh deis aige/aici plé le seirbhísí sláinte pobail.

Seirbhísí Gairmiúla Inteagmhála

Tá sé léirithe ag anailís ar na costais gur fearr seirbhísí speisialaithe den trío céim a sholáthar ag baint leas as samhail chúraim inteagmhála. Nuair is féidir éascaítear a leithéid trí Chomhaontuithe Leibhéil Seirbhíse le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó soláthraitheoir ábhartha eile..

Tá forbairt a leithéid de sheirbhísí inteagmhála tar éis costais díreacha a laghdú maidir le príosúnaigh a thionlacan go seirbhísí sláinte seachtrach. Tá éirithe freisin le soláthar seirbhísí inteagmhála éascú a dhéanamh ar bhealach cúraim atá níos comhtháite le seirbhísí pobail agus reachtúla.

Ar shamplaí ar leith de sheirbhísí gairmiúla inteagmhála a bhí ann roimh dheireadh 2008 tá:

- Cuireann Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath (DDH) seirbhísí fiaclóirachta inteagmhála ar fáil sa 7 bpríosún i gceantar Bhaile Átha Cliath..
- Cuireann Seirbhís Fóiréinseach Mheabharghalair an Lárospidéal Mearbhaill ar fáil 21 seisiún inteagmhála faoi cheannas comhairleoir liachta gach seachtain ar bhonn comhshocraithe sna príosúin go léir i mBaile Átha Cliath agus i bpríosúin Phort Laoise agus an Láir Tíre freisin.
- Soláthraíonn seirbhís andúile faoi cheannas comhairleoir liachta seirbhísí inteagmhála do Chnoc Seimre, Cruithneachtán agus coimpléasc Mhuinseo.

Cóireáil Drugaí

Leantar de fheidhmiú Pholasáí & Straitéis Drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, “Keeping Drugs Out of Prisons”. Cuimsíonn an feachtas leis na gealltanais atá sa Pholasáí agus Straitéis feidhmiú dianbhearta le drugaí a chosc ó theacht isteach sna príosúin agus, ag an am céanna, leanúint d'ineistíocht i seirbhísí taobh istigh de na príosúin leis an éileamh ar dhruaí mídhleathacha a laghdú i measc na bpríosúnach chomh maith le riachtanais chóireála agus athshlánaithe na bpríosúnach a réiteach. Ar na bearta ar leith tá soláthar díthocsaine, cóireála meatadóin, clár oideachais, comhairleoireachta andúile agus clár teiripe drugaí.

Cuimsíonn an iarracht na gealltanais a tugadh sa pholasáí sin a chomhlíonadh, feidhmiú dianbhearta le drugaí a chosc ó dhul isteach sna príosúin agus, ag an am céanna, leanúint d'ineistiú i seirbhís taobh istigh de na príosúin leis an éileamh ar dhruaí mídhleathacha a laghdú i measc na bpríosúnach chomh maith le riachtanais chóireála na bpríosúnach a shásamh.

Bíonn inchur suntasach iltoiseach i gclár athshlánaithe drugaí ó réimse leathan de sheirbhísí gin-earála agus speisialaithe a chuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla ar cuairt ar fáil.

Tá ineistíocht shuntasach déanta le blianta beaga anuas mar fhreagairt ar cheisteanna andúile sa chóras príosúin. Ba í an chéim ba shuntasáí le déanaí conradh a dhéanamh le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta andúile le Merchants Quay Ireland.

Seoladh é sin le linn 2008, agus tá seirbhísí comhairleoireachta andúile ar fáil anois sna príosúin agus ionaid choinneála sa chás go dteastaíonn a leithéid ó phríosúnaigh. Soláthraíonn an tseirbhís chomhairleoireachta andúile thart fá 1,000 uair an chloig de chomhairleoireacht andúile do phríosúnaigh sa tseachtain.

Nocht tuarascáil Dr. Mike Farrell agus Dr. John Marsden faoi Sheirbhísí Príosúin um Chóireáil Drugaí in Éirinn (Márta 2008), a rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus Cumann Leighis na hÉireann a chomhchoimisiúnú, “system –wide evidence of the active Irish Prison Service investment in responding to drug problems in the prison system”. Tharraing sé aird ar an ardleibhéal riachtanais do sheirbhísí andúile i measc na bpríosúnach agus an méadú i líon na bpríosúnach ar cuireadh cóireáil orthu. Dheimhnigh an measúnú seo go bhfuil seirbhísí cóireála drugaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun tosaigh go hidirnáisiúnta, go háirithe nuair a mheastar iad ar an líon atá faoi chóireáil leanúnach mheatadóin..


Léiríonn an tuarascáil freisin an gá leis na bhfás i soláthar seirbhíse cóireála drugaí a nascadh lena chomhionann de fhorbairt i soláthar seirbhíse cógaisíochta. Ó tháinig an tuarascáil amach tá seirbhísí gairmiúla cógaisíochta um chóireáil drugaí tar éis a bheith seolta i bPríosún Muinseo agus in Ionad Dóchais.

Deimhníonn an tuarascáil go bhfuil suíomh na bpríosún ina ghné an-tábhachtach den fhreagairt iomlán ar fhadhbanna drugaí i sochaí na hÉireann agus go mbíonn easpa aitheantais go minic i seirbhísí eile sa phobal ar scála na gníomhaíochta agus tiomantas fhoireann uile na bpríosún i dtabhairt faoina leithéid de fhadhbanna.

Faoi láthair, tairgítear díthocsainiú siomptómach liachtchúnta, más ann do araíonna cliniciúla cuí, d’aon duine ag teacht isteach i bpríosún a luann staraíocht de úsáid codlaidíní agus a chruthaíonn dearfach ar a dtástáil do ópáidí. Is féidir le hothair, mar chuid de phróiseas an mheasúnaithe, roghanna eile cóireála a phlé le foireann cúraim sláinte. D’fhéadfadh go gcuimseodh sé sin daingeanú ar mheatadón leanúnach do dhaoine ar mhaith leo a choinneáil ar aghaidh leis sin le linn dóibh a bheith sa phríosún agus ar fhilleadh ar an bpobal dóibh tar éis a scaoilte. De ghnáth leanfar de chlár malairte ar mheatadón agus iad faoi choimeád i gcás príosúnach a bhíonn ar chlár malairte ar mheatadón sa phobal tráth a gcimithe.

Tá cóireáil malairte meatadóin ar fáil in 8 gcinn de na 14 príosúin (ina bhfuil breis agus 80% de na príosúnaigh). Léiríonn an graf thíos líon na bpríosúnach a fuair cóireáil mhalairte ar chodlaidíní le meatadón (díthocsainiú, daingeanú nó leanúnachas).

Cóireáil Mheatadóin sna Príosúin



Tagann úsáideoirí drugaí i láthair le fadhbanna iolracha agus casta. Léiríonn an fhianaise go bhfuil cur chuige ildisciplíneach de dhíth le cúram éifeachtach a thabhairt don ghrúpa seo agus go mbíonn an toradh is fearr ar chaidreamh teirpe féinoiriúnaithe. Agus é sin in intinn, forbraíodh poist altramaí andúile speisialaithe i Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar mhaithe le cúram agus leanúnachas a chóiriú le leanúint sa phobal.

I 2008, rinneadh conradh le go soláthrófaí Seirbhísí Cógaisíochta Cóireála Drugaí i Muinseo/Dóchas. Bíonn potaigéirí freagrach as gach gné de chóireáil drugaí (meatadón go príomha) dáileadh, riaracháin, taifeadadh, ordú, stóráil, etc., rud a chinntíonn go soláthraítear cóireáil drugaí ar a chomhionann de bhonn agus a bheadh ar fáil sa phobal fad is go gcloítear leis na riachtanais dlíthiúla agus gairmiúla uile. Riaráíonn agus dáileann potaigéirí meatadón do 220 othar ar na meán gach lá, chomh maith le páirtíocht a ghlacadh i bhfoirne sláinte cliniciúla áitiúla.

Tá 9 ionad san Aonad Liachta i bPríosún Mhuinseo atá curtha ar fáil go speisialta don chlár teiripeach saor ó dhruaí. Bíonn fad 6 seachtainí leis an gclár seo; modh comhoibritheach atá in úsáid ina mbíonn foireann bunaithe sa phríosún agus daoine ón earnáil dheonach phobail páirteach. Is é is cuspóir leis go n-éireodh le príosúnaigh iad féin a shaoradh ó dhruaí.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann anois ar an soláthróir aonair is mó ar dhruaí sa Stát, ag tabhairt cóireála ar an meán do 650 othar sa mhí, agus do iomlán bliantúil de 2,014 i 2008; astu siúd bhí 241 a raibh diagnóisiú déanta orthu as an nua agus nach bhfacthas iad in ionad cóireála sa phobal. Tá Muinseo tar éis forbairt a dhéanamh ar chur chuige comhordaithe do bhainistiú andúile agus tá sé tar éis foireann cliniciúil andúile a bhunú, ar a bhfuil síciatraí comhairleoireachta um andúil, dochtúir teaghlaigh ar saineolaí é san andúil, altraí andúile, seirbhísí cógaisíochta cóireála drugaí, agus comhairleoirí andúile. Is é an toradh air seo córas atá níos cóirithe, measúnú níos fearr agus torthaí buanchúraim.

Sláinte Mheabhrach

Tá drochthinneas meabhrach níos forleithne go mór i measc príosúnach i gcomparáid leis an bpobal trí chéile. Tháinig staidéar ar ghalracht síciatrachta i measc príosúnach in Éirinn, le Kennedy et al (2004), ar an eolas go raibh rátaí síocóise de 7.6% i measc príosúnach fireann ar athchur, fad is go raibh leibhéalacha síocóise de 2.7% léirithe ag príosúnaigh faoi phianbhreith.

Ag cur san áireamh srianta chomhshaol na bpríosún, bíonn sé inmhianaithe go dtabhafaí cúram do phríosúnaigh ar a bhfuil tinneas meabhrach leanúnach sna timpeallachtaí is cuí.

Tá sé riachtanach go leanfaimid le comhtháthú agus tuilleadh forbartha ar sheirbhísí le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha, lenár bhfreagrachtaí do phríosúnaigh a bhfuil tinneas meabhrach orthu a chomhlíonadh. Ní mór do sholáthar na seirbhíse meabharshláinte sna príosúin a bheith ina chuid den bhfreagairt phobail iomlán.

Deacracht atá tar éis a bheith ag cur bac arís agus arís eile ar sholáthar cuí do phríosúnaigh a bhfuil géarthinneas intinne orthu is ea an easpa leapacha do phríosúnaigh sa Lárospidéal Mearbhaill (CMH). Déantar athbhreithniú ar an liosta feithimh don CMH gach seachtain ar bhonn tuarascálacha tar éis measúnaithe agus an tosaíocht ábhartha a bhaineann le gach iontráil dhóchúil. Le linn an dara leath de 2008, ba é 15 meánlíon seachtainiúil na bpríosúnach ar an liosta feithimh a bhí ag fanacht ar iontráil don CMH. Bhí an-chuid comhchainteanna ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an CMH le chéile leis an gceist seo a réiteach. Ina dhiaidh sin shocraigh an HSE 10 leaba breise a oscailt sa CMH i Samhain 2008. Is mór an cúnamh é do bhainisteoireacht na bpríosún agus don bhfoireann cúraim sláinte na leapacha breise i dtabhairt faoin liosta feithimh do phríosúnaigh a bhfuil iontráil don CMH de dhíth orthu. Tháinig laghdú suntasach ar líon na bpríosúnach ar an liosta feithimh don CMH tar éis oscailt na leapacha nua.

Faoi láthair soláthraíonn an CMH 21 seisiún sláinte mheabhrach fhóiréinseach inteagmhála faoi cheannas comhairleora liachta gach seachtain. Is iad na príosúin a ndéanann an CMH freastal orthu Cnoc an Arbhair, Cnoc Seimre, Cruithneachtán, Muinseo, Dóchas, an tAonad Oiliúna, Foras Naomh Pádraig, Port Laoise agus Lár Tíre. Bíonn seirbhísí síciatrachta inteagmhála faoi threoir comhairleoir liachta freisin i gCorcaigh, Luimneach agus an Caisleán Riabhach. Socraíonn cliniceoirí i bpríosúin eile (taobh amuigh de abhantracht an CMH) aistrithe go seirbhísí an CMH (go príomha via Cnoc Seimre) sa chás ina mbíonn measúnú fóiréinseach de dhíth ar phríosúnach nó teacht ar leaba iontrála sa CMH.

Bunaíodh Seirbhís Phríosúin Inteagmhála agus Idirchaidrimh Chúirte (PICLS) i 2006 i bPríosún Chnoc Seimre ag na seirbhísí sláinte mheabhrach fóiréinseacha mar fhreagairt ar ardrátaí tinnis síciatracha i measc príosúnach ar athchur. Chruthaigh sé seo go maith in aithint tinnis, cóireáil luath agus plé níos cuí le príosúnaigh a bhfuil tinneas intinne orthu. Soláthraíonn sé cúram síciatrachta lánaimseartha cúig lá sa tseachtain, le foireann ar a bhfuil síciatraithe agus altraí síciatrachta fostaithe ag an HSE. I 2008, aistríodh 91 othair chuig timpeallachtaí pobail níos cuí (67 áiseanna pobail um shláinte intinne, 24 ospidéal ghinearálta síciatrachta).

Caibidil 6

Eastát na bPríosún

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2008 maidir le feidhmiú an chlár tógála príosún a chuirfidh áitribh nua in áit thart fá 40% d'eastát na bpríosún, nuair a bheas sé i gcrích, de réir na ngealltanais a tugadh sa Chlár do Rialtas. Is é an tionscnamh is ardaidhmí sa chlár seo, ar ndóigh, príosún nua ag Halla Bhaile na Sceach i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh a chur in áit na gceithre phríosún ar champas Mhuinseo.

Tá achoimre ar na mórfhorbairtí maidir leis an gclár caipitil sna sonraí thíos.



Tionscnamh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) Príosún Halla Bhaile na Sceach

Is gné bhunúsach de chlár Sheirbhís Phríosúin na hÉireann é tionscnamh Halla Bhaile na Sceach le dul in ionad thart fá 40% d'eastát na bpríosún.

Cuirfidh an príosún nua cóiríocht ar fáil do 1,400 príosúnach bunaithe ar chillíní aonduine thar réimse de áiseanna. Tá an fhéidearthacht sa dearadh, ar chúiseanna solúbthachta feidhmiúcháin, glacadh le suas le 2,200 príosúnach faoi shocruithe il-lonnaitheachta.

Sroicheadh garsprioc suntasach sa tionscnamh le linn na bliana le foilsiú na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus deonú cead forbartha don tionscnamh ag an Oireachtas san Acht um Fhorbairt na bPríosún (Deimhniú Rún), 2008.

Le linn 2008, leanadh de chéim maragántaíochta den tionscnamh leis an tairgeoir tosaíochta maidir le gnéithe airgeadais, teicniúla agus dlíthiúla an tionscnaimh. Rinneadh dul chun cinn an-mhaith sna idirghabhála seo agus aontaíodh i bprionsabal ar na sceidil teicniúla éagsúla de chomhaontú an tionscnaimh. Meastar go leanfar den idirghabháil maidir leis an bhforbairt deartha isteach i 2009. Tógfar na háiseanna nua príosúin láithreach bonn tar éis bhronnadh an chonartha agus ní ceart go dtógfadh sé níos mó ná trí bliana len é a thógáil.

Forbairt Phríosún Réigiún na Mumhan (Cill Uird)

Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo coimpléacs príosúin nua-aimseartha a chur in áit Phríosún Chorcaí ar láithreán úrnua ag Cill Uird, Contae Chorcaí. Shannaigh an Roinn Cosanta an láithreán don phríosún nua do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Tá roinnt suirbhé láithreáin déanta ar thopagrafaíocht, seandálaíocht, fásra agus ainmhithe, etc. Léiríonn na suirbhéanna seo nach raibh bacanna suntasacha ar forbairt an láithreáin.

Cuireadh réamhaighneacht faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le faomhú le go bhféadfaí bualadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas, i.e., ullmhú ar chás sonraithe gnó.

Spásanna agus áiseanna breise

Le linn 2008, críochnaíodh 30 spásanna breise ag ionad oscailte Theach na gCanónach agus 40 spásanna breise arís ag Teach an Locháin. Leanadh de mhóroibreacha ag Port Laoise, an Caisleán Riabhach agus Cruithneachtán a chuirfidh níos mó ná 400 spásanna breise ar fáil le linn 2009.

An Caisleán Riabhach

Rinneadh dul chun cinn mór ag an gCaisleán Riabhach maidir le líon na dtionscnamh a sholáthróidh pacáiste cuimsitheach de chóiríocht (níos mó ná 100 spásanna breise), seirbhísí agus bearta slándáilnasctha nuair a bheas siad críochnaithe.

Port Laoise - Bloc C

Críochnaíodh céim na tógála de Bhloc C nua déanach i 2008 agus tá an tionscnamh imithe ar aghaidh go dtí céim an fheistithe. Cuirfidh an bloc 150 spásanna breise ar fáil agus cuimsíonn sé freisin áiseanna iontrála príosúnach nua, cúram sláinte, fiacloireachta agus oideachais agus áiseanna gaolmhara.

Cruithneachtán -- Eite Nua

Bhí céim na tógála ar an eite nua chóiríochta 90% thart faoi dheireadh na bliana. Cuirfidh an eite breis agus 150 spásanna nua ar fáil. Tá soláthar ionad liachta nua i gceist sa tionscnamh le freastal ar an bpríosún iomlán chomh maith le haonad scarúna, ionad glactha príosúnach agus áiseanna do riaracháin agus gníomhaíochtaí na bpríosúnach. Ar nós an Chaisleáin Riabhaigh agus Phort Laoise tá na cillíní níos mó, le sláintíocht iomlán taobh istigh den chillín agus cithfholcadáin.

Príosún Luimnigh - Bloc Seirbhísí Nua

Críochnaíodh an tionscnamh seo i 2008 agus d'oscail an tAire é ar 27 Márta 2008. Tá an foirgneamh ceithre hurlár seo suite ar chúl an phríosúin. Cuireann an bloc nua réimse leathan gníomhaíochtaí agus seirbhísí tábhachtacha ar fáil do phríosúnaigh. Orthu siúd tá ionad liachta nua, ionad fiacloireachta, halla gleacaíochta, halla spóirt, áis oideachais, leabharlann agus áis oiliúna oibre ina bhfuil cistin mhór oiliúna d'eacnamíocht bhaile. Tá aonaid riaracháin ann freisin don bhfoireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa san áireamh, Seirbhísí Síceolaíochta etc.

Clár Comhshaoil

Leanadh den bhfuinneamh i gcur i bhfeidhm Chlár Comhshaoil Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le linn 2008. Ar na spriocanna a baineadh amach le linn na bliana bhí deimhniú seachtrach ón gCóras Bainistíochta Comhshaoil ag coimpléacs an Láir Tíre agus Phort Laoise go ISO 14001. Tá sé i gceist go ndéanfar tuilleadh forbartha ar an gClár Bainistíochta Comhshaoil agus go dtabharfar isteach i bpríosúin eile é sna blianta atá romhainn.

Ar na nuálachtaí:

- An chéad bhronnadh débhlantúil de Ghradaim Comhshaoil do bhaill foirne a chuir go mór le cosaint an chomhshaoil trína gcuid oibre.
- Seoladh clár feasachta fuinnimh agus feachtas póstaer ar fud na seirbhíse i dteannta le hiniúchadh pólótach fuinnimh i bpríosún Chnoc an Arbhair.
- Fuair Comhordaitheoirí Sláinte Chomhshaoil a gcuid teastas as cúrsa bainistíochta comhshaoil a dhéanamh le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh.
- Tugadh cúrsa creidiúnaithe ag Cré (an cumann náisiúnta múirín) do 10 ball foirne a bhain teastais amach. Chuir an Caisleán Riabhach an tionscnamh i bhfeidhm go rathúil le hoiliúint teistithe tugtha do 10 príosúnach.

- Bhain an Straitéis Chomhshaoil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta amach trí Gradam an Taoisigh um Fheabhas sa tSeirbhís Phoiblí a bhuachaint agus freisin trí ionadaíocht a dhéanamh ar son na Seirbhíse Poiblí ag an 5ú Chomhthionól Feabhais do lucht Riaracháin Phoiblí i bPáras i nDeireadh Fómhair 2008.

Teicneolaíocht Eolais

Rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt earnálacha le linn 2008, ar a raibh:


- Tabhairt isteach réiteach Físchomhdhála leis na príosúin agus an tSeirbhís Chúirteanna a nascadh -- leanadh den obair ar shonraíocht an chórais seo agus meastar go mbeidh sé faoi shiúl go luath i 2009;
- Tugadh isteach Físchomhdháil ar mhaithe le cuairteanna dlí;
- Ceapadh réiteach nua-aimseartha um Théarnamh Tubaiste;
- Comhdhlúthú agus lárnú freastalaithe agus seirbhísí.

Caibidil 7

Airgeadas

Bíonn an Stiúrtóireacht Airgeadais freagrach as na hearnálacha seo a leanas:

- Tuairisceoireacht agus rialú airgeadais, cur amach ráiteas airgeadais bliantúla maidir leis an tseirbhís san áireamh;
- Forbairt a dhéanamh ar smachtanna agus nósanna imeachta airgeadais a bhíonn ag teacht leis an gcleachtas cuntasíochta is fearr, Rialacháin an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht agus treoirlínte náisiúnta agus iad a chur i bhfeidhm;
- Riaradh, feidhmiú agus daingeanú an chórais eolais bainistíochta airgeadais;
- Bainistíocht agus Pleanáil Airgeadais, ar a mbíonn soláthar agus léirmhíniú eolais bhainistíochta airgeadais;
- Tabhairt isteach rialú buiséid déabhlóidithe agus tarmligean ar údarás airgeadais do bhainisteoireacht áitiúil;
- Ceannach soláthairtí;
- Éilimh a tionscnaítear in aghaidh Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.



Vótáil Dáil Éireann comhlán de €394.346 milliún do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i Vóta na bPríosún 2008 (Vóta 21). Ghlac Dáil Éireann le Meastachán Forlíontach de €12 mhilliún rud a d'ardaigh an soláthar caiteachais comhlán do 2008 go €406.346 milliún.

Athbhreithniú Airgeadais

Ba é comhlán chaiteachas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2008 €404.375 milliún, thart fá €1.971 milliún taobh istigh den bhuiséad. Caitheadh thart fá 67% de chaiteachas iomlán Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i 2008 ar phá. Tá sonraí Fhorálacha agus Caiteachais 2008 leagtha amach i dTábla 7.1.

Taobh amuigh de phá, is í an ghné is suntasaí de chaiteachas ná caiteachas caipitiúil. Tá ineistiú caipitiúil tar éis a bheith suntasach i soláthar cóiríochta agus áiseanna níos fearr ag príosúin agus ionaid choinneála mar aon le háiseanna feabhsaithe d'oiliúint oifigeach. Tá sonraí de chlár tógála na Seirbhíse Príosúin 2008 tugtha sa chaibidil ar Bhainistíocht Eastáit.

Caiteachas agus Ioncam Sheirbhís Phríosúin na hÉireann 2008

Tábla 7.1: Forálacha Buiséid agus Caiteachas Iarbhír na Seirbhíse Príosúin 2008

	2007 Foráil €000	2008 Caiteachais Iarbhír* €000	2008 €000
Riarachán			
A.1 - Tuarastail, Pá agus Liúntais	249,040	271,967	271,932
A.2 - Taisteal agus Iostas	2,721	3,361	3,471
A.3 –Costais teagmhasacha	11,910	17,367	17,045
A.4 - Seirbhísí Poist agus Teileachumaráide	3,164	3,936	3,775
A.5 - Soláthairtí Inneallra agus Ábhair Oifige eile	1,158	1,031	997
A.6 - Seirbhísí Comhairleoireachta	244	215	215
A.7 – Athbhreithnithe Polasaí & Luach ar Airgead	13	0	0
Seirbhísí Eile			
B - Foirgnimh agus Trealamh	94,359	69,530	69,644
C - Seirbhísí Príosúin, etc.	28,262	33,236	32,557
D - Roinn Déantúsaíochta & Feirm	583	571	529
E – Seirbhís Phromhaidh – Seirbhísí do Chiontóirí	44	30	30
F - Seirbhísí Oideachais	1,794	1,604	1,694
G - Oifig Phríosúin, cumann árachas sláinte (Deontas i gCabhair)	0	0	0
H - Cúiteamh	1,830	2,973	2,213
I – Bearta um Mhíbhuntáiste Sóisialta (Maoinithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin)	179	525	273
Caiteachas Comhlán	395,301	406,346	404,375
J - Leithghabháil i gCabhair (Fáltais)	22,246	2,179	2,057
Iomlán Caiteachais Glan	373,055	404,167	402,318

* Tá na figiúirí seo faoi réir iniúctha ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Bainistíocht Airgeadais

Costas in aghaidh Spáis Príosúin, inúsáidte agus foireann ar fáil

Ba é meánchostas spáis príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil chuige le linn na bliana féilire 2008 €92,717 (€85,362 i 2007). Ba é €7,355 nó 8.6% an méadú ar chostas 2007 agus baineann sé sin go príomha le méaduithe sa Chomhaontú Náisiúnta Pá de 2%, 2.5% agus 2.5% le héifeacht ó 1 Meitheamh 2007, 1 Márta 2008 agus 1 Meán Fómhair 2008 faoi seach.

Rinneadh athbhreithniú ar an modheolaíocht ar chostais a thomhas ar fud eastát na bpríosúin le linn na bliana. Níor thug an cur chuige roimhe seo (Costas Ciontóir a Choimeád) aird ar na tosca a chinneann costais:

- An bhfuil na costais seasta nó athraitheach?
- An bhfuil baint ag na costais le soláthar cóiríochta nó le riachtanas na bpríosúnach?
- Conas a dtéann réimeas na bpríosúin i bhfeidhm ar chostais -- príosúin oscailte, iata nó ardslandála?

Is mó an tairbhe atá sa mhodheolaíocht leasaithe i mbainistiú airgeadais na Seirbhíse ná an ceann a d'úsáidtí cheana ó éascaíonn sé tomhas straitéiseach agus comparáid na gcostas ar fud eastát na bPríosún.

Fágadh amach costais nach raibh smacht dhíreach ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann orthu. Mar sin, fághtar costas tuarastal na múinteoirí amach anois as an gcleachtadh seo toisc nach bhfuil soláthar ann dóibh siúd faoi leithdháileadh Bhuiséad na bPríosúin.

Mar ba nós sna blianta atá thart, fághtar caiteachas caipitil amach as an áireamh ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar chomparáid idir cineálacha príosúin. Ar an gcúis chéanna fághtar amach anois socmhainní tógála/trealaimh agus oibreacha beaga a bhíodh curtha san áireamh sna blianta atá thart.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na figiúirí do 2008 (agus 2007 athshonraithe) ag baint leas as an modheolaíocht nua seo.

Tá na costais seo a leanas curtha san áireamh:

- Costais Athraitheacha Chóiríochtshainte – coinneáil & deisiú; solas; teas & cumhacht; conarthaí seirbhíse; diúscairt dramhaíola; muirir uisce; costais comhshaoil agus sláinte & sábháilteachta.
- Costais Athraitheacha Phríosúnachshainte – lónadóireacht; cúram sláinte; aiscí príosúnach; oiliúint oibre (ag fágáil socmhainní tógála/trealaimh agus oibreacha beaga as an áireamh); éadaí, cóir leapacha, etc.; ábhair oideachais; mótarfheithclí (coinneáil & breosla, etc.); áiseanna caithimh aimsire; níosáin éadaí; brath drugaí agus cléir ar cuairt.
- Costais Sheasta Phríosúnachshainte – pá coimeádta; taisteal; teileachumarsáid; sainéide agus soláthairtí oifige, etc.
- Costais Neamh-Choimeádta (coimhdeacht príosúnach san áireamh) – pá neamhchoimeádta; oibríochtaí neamhchoimeádta agus costais riaracháin agus íocaíochtaí cúitimh.

Costas in aghaidh Spáis Inúsáidte agus foireann ar fáil - Gach Príosún

CINEÁL CAITEACHAIS	2007	2008
	Costas/Spás	Costas/Spás
	(3,523 Spásanna)	(3,611 Spásanna)
Costais Athraitheacha Chóiríochtshainte	5,272	4,981
Costais Athraitheacha Phríosúnachshainte	5,790	6,364
Costais Sheasta Phríosúnachshainte	63,071	66,756
Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	11,229	14,616
IOMLÁN	85,362	92,717

Costais in aghaidh Spáis Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosúin Oscailte

CINEÁL CAITEACHAIS	2007	2008
	Costas/Spás	Costas/Spás
	(170 Spásanna)	(220 Spásanna)
Costais Athraitheacha Chóiríochtbhainte	7,175	5,747
Costais Athraitheacha Príosúnachbhainte	6,047	5,847
Costais Sheasta Príosúnachbhainte	42,609	38,790
amhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	8,286	9,766
IOMLÁN	64,117	60,150

Costas in aghaidh Spáis Príosúin Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosúin lata

CINEÁL CAITEACHAIS	2007	2008
	Costas/Spás	Costas/Spás
	(3,143 Spásanna)	(3,181 Spásanna)
Costais Athraitheacha Chóiríochtbhainte	4,782	4,448
Costais Athraitheacha Phríosúnachbhainte	5,842	6,466
Costais Sheasta Phríosúnachbhainte	60,842	65,173
Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	11,196	14,750
IOMLÁN	82,662	90,837

Costas in aghaidh Spáis Príosúin Inúsáidte agus foireann ar fáil - Príosún Ardslandála

CINEÁL CAITEACHAIS	2007	2008
	Costas/Spás	Costas/Spás
	(210 Spásanna)	(210 Spásanna)
Costais Athraitheacha Chóiríochtbhainte	11,056	12,256
Costais Athraitheacha Phríosúnachbhainte	4,808	5,356
Costais Sheasta Phríosúnachbhainte	112,999	120,029
Costais neamhchoimeádta (Coimhdeacht Príosúnach san áireamh)	14,103	17,665
IOMLÁN	142,966	155,306

Tá na figiúirí do spásanna príosúin inúsáidte agus foireann ar fáil bunaithe ar an acmhainn leapacha i ngach institiúid ar 31 Nollaig.

Feidhmiú Chreat Faisnéis Bhainistíochta (MIF) taobh istigh den tSeirbhís Phríosúin

Leanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann de thuairisceoireacht fheabhsaithe faoin IMF le bainistíocht agus rialú feabhsaithe airgeadais a thabhairt chun críche. Is é atá ar intinn go mbeadh eagraíocht níos straitéisidirthe ann a bheadh ag teacht le riachtanais córais ceartais nua-aimseartha agus a dhéanfaidh amhlaidh ar bhealach costéifeachtach. Le linn 2008, rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann forbairt ar thuarascála míosúla a thug sí isteach do Stiúrthóirí agus Gobharnóirí Príosúin agus thug sí clár oiliúna do bhaill foirne lárnacha i nginiúint agus léirmhíniú eolais airgeadais.

Mar thaca do IMF, rinneadh cineachadh ar bhuiséid don bhainisteoireacht shinsearach in earnálacha caiteachais lánroghnacha le cuidiú le cinnteoireacht i ndáileadh agus bainistiú acmhainní.

Lárionad Soláthair (CPU)

Is é an CPU atá freagrach as cúrsaí soláthair agus a chinntiú go bhfeidhmítear na cleachtais tuairisceoireachta atá leagtha amach i dtreoirilínte na Roinne Airgeadais. D'fhoilsigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann a polasaí soláthair i Meán Fómhair 2008; polasaí a leagann amach mar a cheannóidh an eagraíocht a chuid soláthairtí agus seirbhísí agus tá sé ar fáil ar an suíomh idirlín www.irishprisons.ie.

Is acmhainn lárnach é an CPU le ceannach earraí agus seirbhísí a úsáidtear go coitianta a chomhdhlúthú agus an luach is fearr a fháil. Ba é an toradh ar an gcur chuige seo gur lorgaíodh tairiscintí do na seirbhísí seo a leanas agus go ndearnadh conarthaí le linn 2008:

- Seirbhísíú, Coinneáil agus Deisiú Gineadóirí.
- Fál Slándála a Sholáthar, a Choinneáil agus a Dheisiú.
- Seirbhísí Leictreacha.
- Coinneáil Trealamh an Ghréasáin Teicneolaíochta Faisnéise.
- Coinneáil agus Deisiú Teilifíse Ciorcaid Iata (CCTV) agus trealamh a bhaineann léi.
- Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola.

Tacaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann le polasaí an Rialtais maidir le ceannach lárnach trí chonarthaí lárnacha a dhéanamh aon uair is féidir agus déanann an CPU monatóiracht leanúnach ar an réimse earraí atá á dtairiscint lena chinntiú go leanfar den chur chuige seo nuair is féidir. Oibríonn an CPU i gcomhar le Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais i ndruchtú na gconarthaí seo agus measúnú orthu.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tugtar an t-eolas seo a leanas de réir an Achta taobh istigh de na treoirilínte atá eisithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhísí Phríosúin na hÉireann lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc taobh istigh den amteorainn reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta leagtha amach lena chinntiú go gcloífear leis an Acht, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta seachas glanchinnteacht in aghaidh dhearbheamh-chomhlíonadh ar an Acht. Bhí na nósanna imeachta i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithnú agus, i gcás íocaíochtaí déanacha, cuireadh na soláthróirí ábhartha ar an eolas agus íocadh an t-ús a bhí ag dul dóibh.

De réir an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil maidir leis an tréimhse airgeadais dar chríoch 31 Nollaig, 2008:

(a) Nósanna Íocaíochta

Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann íocaíochtaí le soláthróirí de réir na dtéarmaí a sonraítear sna sonraisc nó coinníollacha ábhartha i gconarthaí aonair, más cuí. Ó 2002 i leith is é 30 lá atá sna téarmaí caighdeánacha.

(b) Íocaíochtaí Déanacha

Méid an Sonraisc	Líon Sonrasc	Méid Úis a Íocadh €
Faoi €317	24	222.62
Thar €317	569	18,865.21
Iomlán	593	19,087.83

(c) Céatadán iomlán de íocaíochtaí déanacha agus iomlán an úis a íocadh.

Ba é 0.8% an céatadán iomlán de luach na n-íocaíochtaí déanacha le hais luach na n-íocaíochtaí iomlána. Ba é iomlán an úis a íocadh le hais íocaíochtaí déanacha ná €19,087.83.

(d) Nuálachtaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann le hÚs Íocaíochta Pras a Laghdú

Ó Iúil 2008 i leith, tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann tar éis tabhairt faoi mhionanailís mhíosúil a dhéanamh ar gach cás inar íocadh ús íocaíochta pras, agus é ar intinn go n-aithneofaí agus go ndíothófaí na cúiseanna coitianta le moill san íocaíocht. Tá an iarracht seo tar éis dul i bhfeidhm go suntasach ar an leibhéal d'ús íocaíochta pras atá dlite ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Tháinig laghdú ar mheánlíon na bpianós íocaíochta pras ó 60 le linn an chéad leath de 2008 go 32 le linn an dara leath den bhliain. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú ar an meánleibhéal d'ús íocaíochta pras ó €1,721 go €1,250. Go fírinneach, thit meánlíon míosúil na bpianós go 13 le linn na ceathrú deireanaí de 2008, agus thit meánleibhéal míosúil an úis a íocadh go €410.

Íocaíochtaí le Soláthróirí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT)

Le linn 2008, thosaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar mhórtionscnaimh le tacú le polasaí an Rialtais go mbainfeadh ranna rialtais agus an earnáil phoiblí trí chéile úsáid níos mó as ríomhíocaíochtaí. Iarradh ar gach soláthróir sonraí bainc a chur ar fáil le híocaíocht trí EFT a éascú agus cuireadh in iúl dóibh go ndéanfaí gach íocaíocht ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann do sholáthróirí trí ríomhaistriú ó 1 Eanáir ar aghaidh.

Caibidil 8

Bainistíocht Acmhainní Daonna

De bhreis ar sholáthar seirbhísí Acmhainní Daonna laethúla (pinsin, liúntais, bainistiú asláithreachais, feidhmiú polasaithe agus nósanna imeachta de réir reachtaíochta fostaíochta, etc.) d'fhoireann thart fá 3,500 duine, bhí forbairtí suntasacha ann i 2008, ar a raibh feachtas earcaíochta d'ábhar Oifigeach Príosún agus críoch le hacmhainní a chur ar fáil don Ghrúpa Tacaíochta Feidhme, a cuireadh ar bun le cosc a chur le contrabhanna ag dul isteach sna príosúin seo againne..

Earcaíocht

Ceapadh 218 Earcaigh Oifigigh Príosúin (RPOs) agus chuaigh siad i mbun oibre le linn 2008, de bhreis ar an 265 a ceapadh i 2007. Anuas air sin bhí mórfheachtas earcaíochta do RPOs i bhFómhar 2008. Bhí comórtas trí chéimeanna i gceist san fheachtas earcaíochta seo a bhfuarthas 3,500 iarratas dó. Críochnaíodh an próiseas seo agus cuireadh painéal d'iarrthóirí ar éirigh leo le chéile.

Bhí an Stiúrtóireacht Acmhainní Daonna gafa freisin le linn 2008 le mór-chomhoibriú le hIonad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeribhís um Cheapacháin Phoiblí. Ba é an cuspóir athbhreithniú a dhéanamh ó bhun go barr ar roghnú agus phróiseas roghnaithe agus tástála d'earcaigh nua i Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Cheap an tionscnamh seo, ar éirigh go han-mhaith leis, teicnící agus nósanna imeachta le hiarrthóirí a thástáil de réir an chleachtais is fearr go hidirnáisiúnta.

Oiliúint agus Forbairt

Thosaigh 218 RPOs ar bhliain 1 de chlár an Ardteastais i gCúram Coinneála (HCCC) atá creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhaineachtaí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC). D'éirigh le 255 RPOs i mbliain 1 agus tosódh siad ar bhliain 2 de chlár an HCCC in Eanáir 2009.

Chomh maith leis sin thug Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann cúrsaí, ar a raibh:

- Cúrsa Forbartha Bainistíochta Feidhmní 6 mhodúl do Phríomhoifigigh ar a fhreastail 50 Príomhoifigeach.
- Tugadh Clár Forbartha Bainistíochta Príosún 5 mhodúl do 32 Leas-Ghobharnóirí agus Gobharnóirí Cúnta.
- Dearadh, forbraíodh agus seachadadh cúrsaí oiliúna le cuidiú le seoladh an Ghrúpa Tacaíochta Feidhme nua-bhunaithe.
- D'éirigh le Comhordaitheoirí Sláinte, Sábháiltachta agus Comhshaoil an caighdeán creidiúnaithe den Teastas Náisiúnta um Bhainistíocht Chomhshaoil a bhaint amach.
- Seachadadh Teastas um Shláinte agus Shábháilteacht do Chomhordaitheoirí Sláinte, Sábháilteachta agus bainisteoirí sinsearach a mbíonn ardfheasacht sábháilteachta uathu ina bpoist.

Athrú Eagraíochta

Tá an Comhaontú Athraithe a rinneadh le Cumann na nOifigeach Príosúin i Lúnasa 2005, a dtugtar an Togra le haghaidh Athraithe Eagraíochta air, i bhfeidhm le breis agus trí bliana anois. Is é atá i gceist leis an ngné bhunúsach den chomhaontú díothú ar ragobair trí chóras "uaireanta breise" a thabhairt

isteach bunaithe ar an gcoincheap "uaireanta bliantúlaithe". Faoin gcóras seo, bíonn an fhoireann ar conradh le líon socraithe uaireanta an chloig a oibriú sa bhliain de bhreis ar na huaireanta san uainchlár caighdeánach, agus íoctar iad astu sin is cuma an mbíonn orthu iad a oibriú nó nach mbíonn. Tá struchtúir ann le dianmhonatóireacht a dhéanamh ar na socruithe nua oibre ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Mar chúiteamh ar an athrú a bhí i gceist, bhí sé leagtha amach sa Chomhaontú go n-íocfaí cnapshuim de €13,750 leis an bhfoireann i gceithre chéim, chomh maith le liúntas feidhmiúcháin arbh ionann é agus 8% den bhunphá. Braitheann na híocaíochtaí seo ar chomhoibriú iomlán na foirne le feidhmiú chóras na "n-uaireanta breise" atá leagtha amach sa Chomhaontú. Íocadh an gála deireanach den chnapshuim i Samhain 2008.

Tá sé i gceist sa Chomhaontú go mbeidh laghdú de 1.1 milliún uaireanta an chloig sna huaireanta atá de dhíth leis an tSeirbhís Phríosún a reachtáil, agus tá gach príosún ag feidhmiú taobh istigh dá bhuiséad ó seoladh an scéim.

Athbhreithniú ar Chóras na nUaireanta Breise.

Bhí sé leagtha amach sa Togra le haghaidh Athraithe Eagraíochta go mbeadh comh-athbhreithniú ann ar fheidhmiú chóras na n-uaireanta breise ag an mbainisteoireacht agus ionadaithe foirne araon. Leanadh den athbhreithniú seo le linn 2008. Críochnófar comhthuarascáil idir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus Cumann na nOifigeach Príosúin i 2009 agus beidh sí sin mar bhunús le díospóireacht maidir le haon athrú ar an gComhaontú a bheas de dhíth.

Saoire Thinnis

Bhíothas ag súil sa Togra le haghaidh Athraithe Eagraíochta go mbainfí amach laghdú de 33% i saoire thinnis ar fud na Seirbhíse mar thoradh díreach ar na socruithe oibre nua. Cé nár baineadh an sprioc sin amach i 2008 rinneadh dul chun cinn suntasach. Faoi dheireadh 2008 baineadh amach laghdú de 25% i gcomparáid le 2005 agus bhíothas ag súil le tuilleadh feabhais i 2009.

Bainistíú Asláithreachtaí

Bhí 3,600 níos lú laethanta tinnis ar baineadh leas astu (idir dheimhnithe agus neamhdheimhnithe) i 2008 le 115 foirne breise. Ag deireadh 2008, bhí laghdú tagtha ar na laethanta tinnis "per capita" ó 21.64 go 19.84 (féach tábla thíos). Seo feabhas de 8.28%. Tá an feabhas sa fhreastal bainte amach trí mheascán de na nithe seo a leanas;

Tábla 8.1 Saoire Thinnis Per Capita

Bliain	Laethanta	Foireann	Per Capita
2004	77,925	3,119	24.98
2005	81,503	3,077	26.49
2006	82,580	3,143	26.27
2007	71,651	3,311	21.64
2008	65,184	3,426	19.84

IRISH PRISON SERVICE
Irish Prison Service HQ,
IDA Business Park, Ballinalee Road,
Longford, County Longford.

T: (043) 333 5100
F: (043) 333 5371
E: info@irishprisons.ie
W: www.irishprisons.ie